



Polasaí Cumhdach Leanaí

Meán Fómhair 2021

An Clár

Clár	2
Treoir	4
Ráiteas Polasaí	7
Cur síos ar Ógras	8
Comhthéacs an Pholasaí	10
Reachtaíocht Ábhartha	
Comhthéacs Thuaisceart Éireann	14
Reachtaíocht Ábhartha TÉ	
Doiciméid & Polasaithe eile Ógras	16
Aidhmeanna an Pholasaí & dea-chleachtas um Chumhdach	
Obair Óige	17
Daoine fásta & Daoine óga i gcomhpháirtíocht le chéile	
Bunluachanna in Obair Óige	
Obair Óige agus Cumhdach Leanaí	
Cearta an Duine Óig	
Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh	
Sainmhíniú atá ar Leanbh	
Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe & Obair Óige	
Cearta atá ag Leanaí	
Achoimre ar Chearta an Linbh	
Sainmhíniú & Gnéithe Mí-Úsáide Leanaí	21
Imní Leasa	
Faillí	
Mí-Úsáid Mhothúcháin	
Mí-Úsáid Chorportha	
Mí-Úsáid Ghnéasach	
Bulaíocht	
Mí-Úsáid Phiara	
Cibearbhulaíocht agus Sábháilteacht ar líne	
Páistí Leochaileacha	
Tuiscint agus Aithint Dhrochíde Leanaí	26
Cúiseanna le bheith Imníoch	
Comharthaí	

Deileáil le Faisnéis	28
Socruithe Tuairiscithe in Ógras	31
Eolas tábhachtach ag teastáil i dtuairisc	
Córas Tuairiscithe i dTuaisceart Éireann	
Líomhaintí i gcoinne ball foirne nó Oibrí Dheonaigh	33
Líomhaintí i gcoinne ceannasaí Ógras	
Taifeadadh agus Coimeád Eolais	35
Coimeád Eolais i dTaisce	
Córas do cheannairí maidir le taifead scríofa ar	
bhuaire faoi Chosaint Páistí	
Nochtadh Faisnéise atá ag dul siar píosa fada ag daoine fásta	
Imní faoi aosach a d'fhéadfaí bheith ina bhaol do leanaí	
Discreíd	
Teagmhálaithe Ainmnithe / Duine Sainorduithe	
Cásanna nach dtuairiscítear chuig Tusla	
Socruithe Earcaíochta	40
Bord Stiúrtha & Buanchoiste Ógras	
Clár Ionduchtaithe d'Oibrithe Deonacha	43
Cód Iompair do cheannairí & d'fhostaithe	44
Cód moráltachta & dea-chleachtais in obair óige	
Líomhaintí agus Drochíde	
Iompar nach bhfuil inghlactha in Ógras	
Réamhscrúdú an Gharda Síochána	48
Foclóirín	49

Aguisín

<i>A Sonraí Teagmhála Tusla & An Garda Síochána</i>	51
<i>B Sonraí Teagmhála The Gateway Team/Cúram Sláinte Sóisialta</i>	52
<i>C Foirm Thuairisce ar Chosaint & Leas Leanaí</i>	53
<i>D Foirm Thuairisce faoi dhrochíde nó mí-úsáid Leanaí TÉ</i>	54
<i>E Cásanna na dtuairiscítear chuig Tusla</i>	55
<i>F Foirm Iarratais d'Oibrithe Deonacha</i>	56
<i>G Teimpléid Teistiméireachta d'Oibrithe Deonacha</i>	58
<i>H Foirm Cheadaithe ó Thuismitheoirí</i>	59

Treoir

Mar bhall den phobal, má bhíonn imní ort faoi leanbh ach mura bhfuil tú cinnte faoi cad ba chóir duit a dhéanamh, nó má bhíonn imní ort faoi shábháilteacht nó leas linbh, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le Tusla.

Má bhíonn imní faoi leanbh ar cheannairí, tuismitheoirí, baill foirne nó iad siúd a bhfuil baint acu leis an eagraíocht, ba chóir teagmháil a dhéanamh le

Maedhbh Ní Dhónaill ag +353 86 6018520 nó le

Anita Nic Amhlaoidh ag + 353 85 7028787 na Daoine Ainmnithe in Ógras nó teagmháil a dhéanamh le Tusla <https://www.tusla.ie/children-first/contact-a-social-worker3/> (Féach Aguisín A le haghaidh liosta de réir contae)

Má cheapann tú go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir leat teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí ag stáisiún ar bith de chuid an Gharda Síochána (*Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí*) <https://www.garda.ie/en/contact-us/station-directory/>

I dTuaisceart Éireann ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le *The Gateway Team* / Iontaobhais Cúram Sláinte agus Sóisialta (*HSCT*). Tá seirbhís éigeandála 24 uair an chloig á feidhmiú acu freisin. (Féach Aguisín B le haghaidh liosta)

<https://www.nidirect.gov.uk/publications/gateway-service-teams-contact-details>

DLP Teagmhálaí Ainmnithe	Maedhbh Ní Dhónaill	maedhbh@ogras.ie	+353 (0) 86 6018520
Teagmhálaí Ainmnithe Cúnta	Anita Nic Amhlaoidh	anitanicamh@gmail.com	+ 353 (0) 85 7028787

Oibrí Deonach/ Ceannaire Óige
(Youth Worker/Volunteer/Leader)

Tuairiscigh



Teagmhálaí Idirchaidrimh Ainmnithe
(Designated Liaison Person)

Tuairiscigh



Tusla agus/nó An Garda Síochána
(Tusla and/or An Garda Síochána)

Oibrí Deonach/ Ceannaire Óige
(Youth Worker/Volunteer/Leader)
i dTuaisceart Éireann

Tuairiscigh



Teagmhálaí Idirchaidrimh Ainmnithe
(Designated Liaison Person)

Tuairiscigh



Health & Social Care Trust (HSTC) Gateway Services team
Police Service of Northern Ireland (PSNI)

RÁITEAS POLASAÍ

Tá Ógras tiomanta do rannpháirtíocht iomlán na leanaí agus daoine óga inár gcuid oibre a chur chun cinn agus a éascú. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht shábháilte agus shláintiúil a chur ar fáil do na páistí agus daoine óga a mbímid ag obair leo agus táimid tiomanta i gcónaí lena sábháilteacht agus leas a chinntiú.

Aithníonn Ógras go luíonn an fhreagracht ar gach aon duine chun leanaí agus daoine óga a chosaint, agus chun ár ndícheall a dhéanamh iad a choinneáil sábháilte.

Tá sé mar pholasaí ag Ógras go ndéanann baill foirne agus ceannairí fásta gach iarracht réasúnta chun páistí agus daoine óga atá páirteach in imeachtaí na heagraíochta a choinneáil slán ó dhochar d'aon chineál. Tá sé mar nós / éiteas ag an eagraíocht meas a léiriú do dhaoine óga, éisteacht leo agus aird a thabhairt ar a gcuid smaointe.

Tá an polasaí agus na nósanna imeachta seo faofa ag Bord Stiúrtha Ógras agus déantar athbhreithniú ar an Pholasaí agus na Treoirlínte gach dara bliain.

Stiúrthóir Ógras:

Dáta: 20/09/2021

Polasaí Cosaint Leanaí Ógras 2021
Dáta Athbhreithnithe: Meán Fómhair 2021
Dáta Faofa: 14 Meán Fómhair 2021
Athbhreithniú le déanamh: Meán Fómhair 2023

CUR SÍOS AR ÓGRAS

An Fhís

Go mbeadh an Ghaeilge á húsáid mar theanga phobail ag daoine óga na hÉireann agus tuiscint fhorleathan acu ar an oidhreacht Ghaelach agus ar an gcultúr Gaelach agus go mbeadh an fhéinmhuinín agus an cumas acu a n-acmhainn a bhaint amach le bheith lánpháirteach sa phobal trí mheán na Gaeilge.

Is eagraíocht náisiúnta í Ógras a chuireann seirbhís obair óige ar fáil trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga idir 7-19 mbliana d'aois le tacaíocht ó cheannairí deonacha. Tá sé mar aidhm ag Ógras an Ghaeilge, an cultúr agus oidhreacht Ghaelach a chur chun cinn i measc daoine óga trí thimpeallachta shábháilte a chruthú. Cuirtear clár oibre ar fáil atá spleodrach, éagsúil agus nuálach chun cruthaíocht, neartú muiníne agus forbairt shóisialta a spreagadh agus a chuireann ar chumas dhaoine óga taitneamh a bhaint as a bheith ag úsáid na Gaeilge.

Luachanna

Mar eagraíocht, táimid ar son na nithe seo a leanas:

Tiomanta d'obair ar ardchaighdeán a sholáthar don aos óg agus tiomanta do shíorfheabhsú	Tiomanta do shábháilteacht agus do leas daoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn
An saorálaíochas – Is iad oibrithe deonacha atá i mbun agus atá mar úinéirí Ógras, a chlubanna agus a thionscadail: Dá bhrí sin, tá ionchur na n-oibrithe deonacha lárnach dár gcuid oibre agus tá meas agus urraim tugtha do ról na n-oibrithe deonacha uile.	Tiomanta do chomhionannas agus don chuimsitheacht a chinntiú agus a chur chun cinn sa phlé a dhéantar le daoine óga agus le daoine fásta
Freastal ar bhonn solúbtha ar riachtanais éagsúla daoine óga	Rannpháirtíocht agus úinéireacht daoine óga
Bród i bhféiniúlacht agus i gcultúr na hÉireann a chur chun cinn	A bheith oscailte agus uileghabhálach
A bheith leathanaigeanta agus gné idirnáisiúnta den eagraíocht a fhorbairt	Atmaisféar cairdiúil agus fáilteach a chruthú i ngach rud a dhéanaimid agus sa chaoi ina dtugaimid fúthu
Éagsúlacht inár gcur chuige agus inár dtairiscintí	Spraoi ☺

Ball

Aon duine faoi 19 mbliana d'aois atá ag freastal ar Chlub Ógras nó Óg-Ógras agus atá cláraithe leis an Ard –Oifig tríd an gclub áitiúil.

Óg-Cheannaire

Baill idir 15-18 bliana d'aois a thugann cabhair do na ceannairí fásta imeachtaí a eagrú agus a reáchtáil sa chlub óige. Freisin tugann siad cabhair le himeachtaí réigiúnda agus náisiúnta ó am go ham. Is féidir beirt óg-cheannaire – idir 16-18 bliain d'aois, a ainmniú ag Cruinniú Cinnbhliana Ógras chun freastal ar chruinnithe de Bhord Stiúrtha Ógras ach gan cead vótáil acu ach amháin má shroicheann siad 18 mbliana d'aois agus go gcláraítear mar stiúrthóirí iad.

Ceannairí

Daoine atá os cionn 18 bliana d'aois atá ag obair go deonach d'Ógras chun clubanna a reáchtáil ina gceantar féin. Is féidir suas go triúr cheannaire as measc cheannairí Ógras agus suas go triúr cheannaire as measc cheannairí Óg-Ógras a thoghadh ar Bhord Stiúrtha Ógras ag an CCB.

An Bord Stiúrtha

Is é an Bord Stiúrtha atá i gceannas ar an eagraíocht. Is féidir suas le 14 Stiúrthóir a bheith ar an Bhord agus is féidir leis na clubanna, stiúrthóirí a ainmniú don toghchán a tharlaíonn le linn Cruinniú Chinnbhliana na heagraíochta.

Buanchoiste Ógras

Beidh Buanchoiste Ógras comhdhéanta mar seo a leanas:

- (i) Uachtarán Chonradh na Gaeilge nó ionadaí an Uachtaráin
- (ii) Cathaoirleach Ógras
- (iii) Rúnaí Ógras
- (iv) Cisteoir Ógras

Is í feidhm an Bhuanchóiste acmhainní daonna, forbartha agus cúrsaí airgeadais an eagrais a stiúradh. Cuirfear cinntithe an Buanchoiste os comhair an Bhord Stiúrtha le haghaidh faomhadh.

Fanfaidh gach Buanchoiste i réim go dtí go dtoghfar oifigigh nua ag an gcéad chruinniú den Bhord tar éis an Chruinniú Cinn Bhliana.

Foireann Ógras

Tá foireann lánaimseartha ag obair d'Ógras. Tá na hoifigigh forbartha freagrach as clubanna a bhunú agus a láidriú, imeachtaí a eagrú, ceannairí a earcú, nascanna idir chlubanna a láidriú agus plean oibre na heagraíochta a chur chun cinn. Tá an tOifigeach Cléireachais freagrach as riarachán, suíomh idirlíne na heagraíochta, meáin shóisialta, clárúchán srl.. Tá Stiúrthóir Ógras i gceannas ar an bhfoireann, agus

tá freagrach uirthi maidir le maoiniú, rialachas, tuairisciú i measc dhualgais eile. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo trí Oifig Ógras ag 01 4751487.

COMHTHÉACS AN PHOLASAÍ

I 2017 d'fhoilsigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige leagan uasdátaithe de Tús Áite do Leanaí – Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí, chun tacú le daoine mí-úsáid a aithint agus a thuairisciú, agus chun dea-chleachtas i gCosaint Leanaí, a chinntiú i rannóga agus eagraíochtaí stáit agus eagraíochtaí deonacha.

Ar an 18 Márta 2018 cuireadh i bhfeidhm go hiomlán an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015. Tá an Polasaí agus an Cód Cleachtais seo a leanas curtha le chéile ag Ógras de réir riachtanas na reachtaíochta Tús Áite do Leanaí 2015; Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí; Safeguarding Vulnerable Persons at Risk of Abuse (2014) de chuid an FSS; Child Safeguarding: A Guide for Policy, Procedure and Practice (Tusla); Guidance on Developing a Child Safeguarding Statement; Mandated Assisting Protocol for TUSLA.

Ina theannta sin, baintear úsáid as an chlár agus traenáil uasdátaithe ó Chomhairle Náisiúnta na nÓg – Clár Feasachta Cosaint Leanaí.

Táimid anois ag brath ar Cheannairí, Baill Foirne agus Oibrithe Deonacha de chuid Ógras lenár bPolasaí um Chosaint Leanaí a chur i bhfeidhm trínár struchtúir, treoirlínte agus cleachtais oibre atá leagtha amach sa doiciméad seo. Leis an gcur chuige seo cuirfear le caighdeáin oibre ár n-eagraíochta. Má chuirtear ár bPolasaí um Chosaint Leanaí i bhfeidhm go cruinn cinnteofar go bhfuil na ceannairí iad féin agus na daoine óga faoina gcúram á gcosaint. Chomh maith leis sin beifear in ann a chur in iúl do thuismitheoirí na ndaoine óga seo, dílseacht na heagraíochta d'fhorbairt iomlánaíoch a leanaí.

Le cur i bhfeidhm an pholasaí is gá struchtúr a chur i bhfeidhm ina gcinnteofar go mbíonn na leanaí, thuismitheoirí, ceannairí agus baill foirne ar an eolas faoi na saincheistanna atá i gceist. Ní mór an t-iompar nach bhfuil ceadaithe a leagan amach go soiléir. Chomh fada agus atá leanaí faoinár gcúram tá dualgas soiléir orainn iad a ullmhú dá ról mar shaoránaigh mhaithe.

De réir mar a athraíonn na dlíthe agus rialacháin ar an saincheist faoi chosaint leanaí agus ár modhanna oibre féin á bhforbairt, caithfear leasaithe cuí a dhéanamh ar ár bpolasaí agus treoirlínte chun iad a choinneáil suas chun dáta. Beidh sé i gceist freisin baill, baill foirne agus ceannairí chomh maith le thuismitheoirí a choinneáil go hiomlán suas chun dáta maidir leis an bpolasaí agus modhanna oibre Ógras. Beidh

gá ann freisin le heolas, traenáil agus grinnfhiosrú a chur ar fáil do na ceannairí agus baill foirne nua uile.

AN REACHTAÍOCHT ÁBHARTHA

Tá roinnt eochair chodanna reachtaíochta ann a bhaineann le leas agus le cosaint leanaí. Tugtar leis an eolas anseo achoimre ghairid ar an reachtaíocht ábhartha. Níl sé ceaptha bheith ina thuairim ná comhairle dhlíthiúil, agus má bhítear in amhras faoi, ba cheart duit an bhun reachtaíocht a lorg.

AN REACHTAÍOCHT

Child Care Act 1991

Protections for Persons Reporting Child Abuse Act 1998

Criminal Justice Act 2006

Criminal Justice (withholding of information on offences against children and vulnerable persons) Act 2012

National Vetting Bureau (children and vulnerable persons) Acts 2012–2016

Children First Act 2015

Criminal Law (sexual offences) Act 2017

AN tACHT UM CHÚRAM LEANAÍ 1991

Is í seo eochair-reachtaíocht lena rialaítear beartas cúraim leanaí in Éirinn. Is faoin Acht sin a bhíonn freagracht ag Tusla chun leas leanaí nach bhfaigheann dóthain cúraim agus cosanta a chur chun cinn. Má fhaightear amach nach bhfaigheann leanbh dóthain cúraim agus cosanta, bíonn dualgas ar Tusla chun beart iomchuí a ghlacadh chun leas an linbh a chur chun cinn. D'fhéadfaí áireamh leis sin tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh óna dteastaíonn cúnamh chun cúram agus cosaint a sholáthar dá leanaí. Is san Acht um Chúram Leanaí freisin a leagtar amach an chreatlach reachtúil chun leanaí a thabhairt i gcúram más gá.

AN tACHT UM CHOSAINT DAOINE A THUAIRISCÍONN MÍ-ÚSÁID LEANAÍ 1998

Tugtar cosaint duit leis an Acht seo má thugann tuairisc faoi mhí-úsáid leanaí amhrasach d'oifigigh ainmnithe Tusla, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) nó do bhaill an Gharda chomh fada agus a dhéantar an tuairisc le dea-intinn agus nach mailíseach í. Áirítear le hoifigigh ainmnithe daoine údaraithe ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Tusla chun tuairiscí faoi imníocha sainordaithe a fháil agus a aithint i leith linbh ó dhaoine sainordaithe de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015.

Ciallaíonn an chosaint dhlíthiúil seo fiú má thuairiscíonn tú cás de dhrochúsáid linbh amhrasach agus mura mbíonn foras ar bith leis, chaithfeadh gearánaí a ghlacfaidh caingean cruthúnas a thabhairt nár fheidhmigh tú go réasúnta agus le dea-intinn nuair a rinne tú an tuairisc. Má dhéanann tú tuairisc le dea-intinn agus ar mhaithe le dea-leasanna an linbh, d'fhéadfá bheith faoi chosaint freisin faoin dlí coiteann le cosaint na pribhléide cáilithe.

Is féidir leat teacht ar an liosta iomlán daoine in Tusla agus sa HSE ar oifigigh ainmnithe iad faoin Acht 1998, ar láithreán gréasáin gach gníomhaireacht (www.tusla.ie agus www.hse.ie).

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL 2006

Cruthaíodh cion de chur i mbaol meargánta leanaí le hAlt 176 den Acht seo. Duine le húdarás nó le smacht thar leanbh nó le mí-úsáideoir a chuireann leanbh i mbaol d'aontoil nó go meargánta; is féidir leo an cion sin a dhéanamh ach:

1. an leanbh a chur nó a cheartú dá gcur nó dá bhfágáil i suíomh ina gcruthaítear priacal substainteach don leanbh de bheith ina íospartach den díobháil thromchúiseach nó den mhí-úsáid ghnéasach; nó
2. Mainneachtain chun céimeanna réasúnta a ghlacadh chun leanbh a chosaint ó bheith i mbaol mar sin agus eolas acu go bhfuil an leanbh sa chás sin.

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (FAISNÉIS UM CHIONTA IN AGHAIDH LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA A CHOINNEÁIL SIAR) 2012

Is faoin Acht sin ar cion coiriúil é chun faisnéis a choinneáil siar faoi chion tromchúiseach, lena n-áirítear cion gnéasach, i gcoinne duine faoi bhun 18 bliain d'aois nó i gcoinne duine leochailigh. Tagann an cion aníos mar a mbíonn a fhios ag duine nó mar a gcreideann siad go ndearnadh cion sonraithe i gcoinne linbh nó duine leochailigh, agus faisnéis acu lena gcuideofaí chun duine éigin eile a ghabháil, a ionchúiseamh nó a chiontú as an gcion sin, ach go mainníonn siad gan leithscéal réasúnta chun an fhaisnéis sin a nochtadh, chomh luath agus is indéanta, do bhall den Gharda Síochána.

Tagann na forálacha den reachtaíocht Choinneála Siar sa bhreis ar aon riachtanais tuairiscithe de réir an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015.

NA hACHTANNA UM AN MBIÚRÓ NÁISIÚNTA GRINNFHIOSRÚCHÁIN (LEANAÍ AGUS DAOINE SOGHONTA) 2012–2016

Bíonn sé éigeantach faoi na hAchtanna seo d'fhostóirí chun nochtuithe grinnfhiosrúcháin a fháil i ndáil le duine ar bith a dhéanann saothar ábhartha le leanaí nó le haosaigh shoghonta. Cruthaítear cionta agus pionóis leis na hAchtanna do dhaoine a mhainníonn chun comhlíonadh lena bhforálacha. Is sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012- 2016 a leagtar amach na hoibleagáidí reachtúla ar fhostóirí i ndáil le riachtanais ghrinnfhiosrúcháin Gharda do dhaoine a oibríonn le leanaí agus le haosaigh shoghonta.

AN tACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ 2015

Is breiseán tábhachtach don chóras leasa agus cosanta leanaí é an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015, óir go gcuideoidh sé chun a chinntiú go dtugtar imníocha cosanta leanaí chun airde Tusla gan mhoill.

Foráiltear san Acht do thuairisciú éigeantach na n-imníocha leasa agus cosanta leanaí ag eochairghairmithe; measúnú priacail agus pleanáil chuimsitheach do bhéascna eagrúcháin láidir den chumhdach i ngach seirbhís a sholáthraítear do leanaí; foráil do chlár neamh-chomhlíonta; agus bonn taca reachtúil a thabhairt do Ghrúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí.

AN tACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (CIONTA GNÉASACHA) 2017

Tugtar aghaidh san Acht sin dúshaothrú gnéasach leanaí, agus dírithear ann orthu siúd a dhéanann an ghníomhaíocht choiriúil sin. Cruthaítear cionta leis a bhaineann le fáil nó le soláthar leanaí chun críocha an dúshaothraithe ghnéasaigh. Cruthaítear cionta leis freisin de na cineálacha gníomhaíochta a fhéadann tarlú le linn na gcéimeanna luatha den phróiseas creachóireach roimh dhúshaothrú iarbhír linbh éigin, mar shampla, úsáid a bhaint as an teicneolaíocht nua-aimseartha chun teacht i dtír ar pháistí agus socruithe a dhéanamh chun bualadh le leanbh leis an rún chun an leanbh a dhúshaothrú go gnéasach. Aithnítear san Acht freisin gurb ann do chaidrimh chomhthoiliúla chomhaoiseacha faoi bhun na haoise mar a dtagann aon ghníomhaíocht ghnéasach taobh istigh de theorainneacha aoise diansainithe, agus nach imeaglach nó dúshaothraitheach é an caidreamh.

COMHTHÉACS TUAISCEART NA hÉIREANN

Criminal Law Act (NI) 1967

The Children (NI) Order 1995

Sexual Offences Act 2003

Safeguarding Vulnerable Groups Order (NI) 2007

Sexual Offences (NI) Order 2008

Safeguarding Board Act (NI) 2011

Addressing Bullying in Schools (NI) Act 2016

AccessNI

CRIMINAL LAW ACT (NI) 1967

Leagann Roinn 5 den Criminal Law Act (Northern Ireland) 1967 dualgas ar gach duine aon cion ábharthach a déantar a thuairisciú do na póilíní (cion le téarma príosúnachta de cúig bliana nó níos mó). Clúdaíonn an Acht seo bearta má déantar faillí coir sonracha a thuairisciú do na póilíní.

THE CHILDREN (NORTHERN IRELAND) ORDER 1995

Soláthraíonn an Acht seo an creat reachtaíochta do chóras cosaint leanaí Tuaisceart na hÉireann. Leagann sé amach:

Ceartha agus freagrachtaí tuistí

Freagrachtaí agus cumhachtaí údaráis poiblí go gcaithfidh siad tacú le leanaí agus idirghabháil a dhéanamh má bhíonn imní ann faoi páiste.

SEXUAL OFFENCES ACT 2003

D'athraigh an Acht seo na dlíthe maidir le cionta gnéasacha i dTuaisceart na hÉireann agus bhunaigh sé socraithe faisnéise faoi ciontóirí gnéis.

SAFEGUARDING VULNERABLE GROUPS ORDER (NI) 2007

Leagann an ordú seo amach conas seiceáil a dhéanamh ar dhaoine gur mhian leo obair le daoine óga agus le daoine soghonta agus cosc a chur leo siúd nach bhfuil oiriúnach do phost mar seo, idir fostaithe agus daoine deonacha.

SEXUAL OFFENCES (NI) ORDER 2008

Chlúdaigh an t-ordú seo athruithe suntasacha dlí maidir le cionta gnéasacha i dTuaisceart na hÉireann, cosaint níos fearr do leanaí ó mhí-úsáid gnéis agus soiléiríonn sé saincheisteanna comhthola maidir le ionsaí gnéasach agus éigniú.

Tá na príomhphointí seo san áireamh:

Ísliú an aois comhthola ó 17 go 16 bliana d'aois

Sraith cionta le daoine soghonta a chosaint

Cionta nua a bhaineann le tiomáint colbha agus striapachas a lorg

Pionós daingean as ucht drúthlann a choimeád

Soiléireacht ar mhí-úsáid ról iontaoibhe

Iliscneacht

Tá gach gníomhaíocht ghnéasach le duine faoi 16 bliana d'aois, is cuma cén inscne, mídhleathach anois, fiú má bhíonn an bheirt faoi 16 – is ionainn é seo agus an Ríocht Aontaithe. Caidreamh collaí le cailín faoi 17 amháin a tháinig faoin sainmhíniú coiriúil roimh 2008. Clúdaíonn an dlí gach gníomh ghnéasach agus gach inscne anois.

SAFEGUARDING BOARD ACT 2011

Leag an acht seo an dlí amach mar a bhaineann le Safeguarding Board for Northern Ireland réigiúnach a chruthú agus cúig Safeguarding Panels a bhunú chun tacú le obair an SBNI ag leibhéal Health and Social Care Trust.

ADDRESSING BULLYING IN SCHOOLS(NI) ACT 2016

Leag an t-Acht seo sainmhíniú bulaíochta amach agus léiríonn sé freagrachtaí rialtóirí scoileanna a fhaigheann cúnamh deontais beart a chur i bhfeidhm chun bullaíocht a chosc agus eachtraí a thaifead.

ACCESSNI

Is rannóg den Roinn Dlí agus Cirt é AccessNI. Próiseálann sé iarratais ón bpobal a bhfuil gá acu le grinn fhiosrú le post a fháil. Eisíonn Access NI 3 shaghas fhiosrúcháin: bunúsach, caighdeánach agus breisithe. Nochtaítear taifead coiriúil agus foláireamh de réir mar is gá. Caithfidh eolas a bheith ag an fostaitheoir ar cén leibhéal fhiosrúcháin atá ag teastáil don post nó don ról deonach.

Polasaithe eile de chuid Ógras a bhfuil tionchur acu ar Chosaint Leanaí

Polasaí Sláinte & Sábháilteacht

Polasaí Grinnfhiosrúcháin

Polasaí Earcaíochta

Polasaí ar Cheannairí Deonacha

Polasaí Cosaint Sonraí

Polasaí Comhionannas & Éagsúlacht

Polasaí & Treoir maidir leis an Idirlíon

Polasaí Clubanna agus Campaí ar-líne

Polasaí ar Alcóil, Tobac agus Drugaí

Doiciméid tacaíochta eile:

Lámhleabhair Foirne

Lámhleabhar an Chlub

Cód Iompair do Bhord agus Foireann Ógras

Cód Iompar do Chlubanna Ógras

Aidhmeanna an Pholasaí agus dea-chleachtas um Chumhdach

Tá Ógras tiomanta do chleachtas a chosnaíonn leanaí agus daoine óga ó dhochar agus ó mhí-úsáid, agus is é aidhm an pholasaí seo na timpeallacht a chuir ar fáil a thugann tús-áite do shábháilteacht. Tacaíonn Ógras le cur chuige neamhfhlulaingthe i leith na mí-úsáide agus dochar d'aon chineál chun daoine óga a chumhdach.

Is aidhm an pholasaí agus na nósanna imeachta seo:

- Cód Iompair soiléir a chur ar fáil le cinntiú go bhfuil gach gné den eagraíocht ag cloí lenár ndualgais agus freagrachtaí faoin Acht Tús Áite do Leanaí 2015.
- A chinntiú go bhfuil baill foirne agus ceannairí deonacha eolach ar ár gcaighdeán um chumhdach
- Nósanna imeachta a chur ar fáil le haghaidh maoirseacht chuí agus ábhartha, lena n-áirítear Daoine Ainmnithe Teagmhála a cheapadh
- Caighdeán a shocrú le haghaidh taifid a bhainistiú, rúndacht, faisnéis a chomhroinnt faoin gcumhdach agus faoin gcleachtas is fearr le baill foirne, leanaí, daoine óga, tuismitheoirí, ceannairí agus cúramóirí de réir mar is gá

- Duine ábhartha a bheith ainmnithe ag an eagraíocht a ghlacann na freagrachtaí agus dualgais ‘An Duine Abhartha’ mar atá leagtha amach san Acht Tús Áite do Leanaí 2015.
- Nósanna imeachta earcaíochta agus traenáil éifeachtach i bhfeidhm a chinntíonn go ndéantar baill foirne agus daoine deonacha a roghnú agus a ghrinn fhiosrú de réir riachtanais reachtaíochta
- Oiliúint chuí maidir le cumhdach a chur ar fáil don fhoireann, don Bhord agus do cheannairí deonacha na heagraíochta
- Treoir agus nósanna imeachtaí soiléir a chur ar fáil do bhaill foirne agus ceannairí deonacha maidir le conas plé le haon eachtra nó ábhar imní maidir le cumhdach
- Treoir agus nósanna imeachta tuairiscithe soiléir i gcás mí-úsáid amhrasta nó iarbhir leanbh nó duine óg
- Nós imeachta a chur ar fáil chun plé le ráitis agus gearáin
- Eolas maidir le dea-chleachtas i gcumhdach leanaí a roinnt le baill, le tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine deonacha san eagraíocht
- Tugtar tús áit do leas an pháiste i ngach cinneadh, gníomhaíocht agus imeacht ina bhfuil páistí nó daoine óga páirteach ann.
- A chinntiú go bhfuil an fhoireann uilig ar an eolas maidir lena ndualgais tuairiscithe cé acu duine sain ordaithe iad nó nach ea.

OBAIR ÓIGE

“Is é an Príomhchuspóir atá le hObair Óige, na trí rannpháirtíocht dheonach deiseanna forbartha agus oideachasúla a sholáthar do dhaoine óga trí chlár dúshlánach d’oideachas sóisialta a sholáthar a ullmhóidh iad le páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí dhaonlathach, a dhéanfaidh freastal ar a gcuid riachtanas féinfhorbartha agus a chabhróidh leis an duine óg a bheith ina rannpháirtí gníomhach agus breithiúnach sa phobal agus i bhforbairt phobail.” (An tAcht Obair Óige 2001)

- Tugtar aitheantas sa sainmhíniú seo don ról atá ag Obair Óige i sochaí na hÉireann agus ó tharla go gcuireann Ógras réimse leathan seirbhísí ar fáil tá sé fíorthábhachtach go mbeidh caighdeáin socruithe agus á gcur i bhfeidhm má theastaíonn uainn tacú le forbairt dhaoine óga i dtimpeallacht atá sábháilte agus forásach.

- In Éirinn tá seirbhísí óige pobal-lárnaithe agus den chuid is mó is trí rannpháirtíocht dheonach ó dhaoine óga (baill) agus ó dhaoine fásta (ceannairí) a chuirtear ar fáil é. Is é nádúr na seirbhíse seo ná go gcuirtear réimse leathan clár agus gníomhaíochtaí ar fáil i suíomh éagsúla agus i bpobail éagsúla. Ní mór, áfach, na seirbhísí seo a bheith á seachadadh i gcomhréir le prionsabail atá aontaithe agus i dtimpeallacht atá oiriúnach.

Daoine Fásta agus Daoine Óga i gcomhpháirt le Chéile

- Fágann an suíomh uathúil a bhaineann le cleachtais Obair Óige go mbíonn daoine fásta, ina ról mar cheannairí, ag obair le daoine óga atá ina mbaill de chlub óige. Tá an caidreamh seo, atá lárnach don phróiseas in obair óige, bunaithe ar chur chuige comhpháirtithe, a thugann an tsaoirse agus an deis do dhaoine óga forbairt agus eolas a fháil, trí chlár forásach aontaithe agus trí phróiseas oideachais neamhfhoirmeálta.
- Cuireann na ceannairí óige tacaíocht riachtanach ar fáil do dhaoine óga ag pointe tábhachtach ina saol. Déanann siad é seo trí éisteacht a thabhairt dóibh, cás a dhéanamh ar a son agus cabhrú leo ar bhonn comhionannais deise, a bheith páirteach sna himeachtaí sin agus cabhrú le reáchtáil na n-imeachtaí úd. Tarlaíonn na rudaí seo tríd an gcomhpháirtíocht fhorásach a bhíonn idir an duine óg agus an ceannaire óige.

Na Bunluachanna in Obair Óige

De réir bhunluachanna Obair Óige caithfidh an obair atá idir lámha ag Ógras a bheith:

- Dírithe ar dhaoine óga: tugtar aitheantas do chearta daoine óga agus meastar go bhfuil sé tábhachtach go mbíonn siad ag glacadh páirte san eagraíocht ar a gconlán féin
- Tiomanta do shábháilteacht agus do leas daoine óga a chinntiú agus a chur chun cinn
- Oideachasúil agus forásach
- Tiomanta do chomhionannas agus don chuimsitheacht a chinntiú agus a chur chun cinn sa phlé a dhéantar le daoine óga agus le daoine fásta
- Tiomanta d'obair ar ardchaighdeán a sholáthar don aos óg agus tiomanta do shíorfheabhsú

Obair Óige agus Cumhdach Leanaí

Mar atá luaite cheana, tugann Obair Óige d'ardchaighdeán, trí chlár dúshlánach gníomhaíochtaí oideachasúla agus caitheamh aimsire, deis do dhaoine óga agus do dhaoine fásta oibriú le chéile i dtimpeallacht shábháilte. Cé go nglacann Ógras le polasaithe agus le treoirlínte éagsúla i dtaca le gnéithe éagsúla dár gcuid oibre, is riachtanas é go nglacann gach club agus gach coiste atá ag feidhmiú in ainm Ógras, le Polasaí Um Chosaint Leanaí Ógras agus go dtugann siad feidhm dó. Ar an mbealach seo, cinnteofar go mbeidh gach gné dá gcuid oibre, ar a n-áirítear earcaíocht, oiliúint, seachadadh clár agus gnáth reáchtáil na heagraíochta, á riaradh laistigh de chur chuige atá aontaithe, de struchtúir agus i dtimpeallacht atá forásach.

Ceartha an Duine Óig

Is gá go ndéanfaidh Polasaí um Chosaint Leanaí cúram de chearta an duine óig agus de chearta daoine fásta, agus ag an am céanna go dtabharfaidh sé cosaint don dá dhream agus iad i mbun oibre le chéile.

Mar chuid d'oiliúint agus d'fhorbairt dhaoine óga is gá dúinn a chinntiú go bhfuil dóthain eolais agus tuisceana acu le cur in aghaidh iompair atá ar aon bhealach bagrach dóibh, bíodh sé ó dhaoine atá ar chomhaois leo nó ó dhaoine fásta. Bealach tábhachtach amháin lena chinntiú go dtarlaíonn sé seo is ea trí thuiscint a thabhairt do dhaoine óga ar a gcearta agus ar a ndualgas i leith a chéile agus i leith dhaoine fásta. Cuirtear é seo san áireamh cheana féin in Obair Óige d'ardchaighdeán, agus tá dualgas de réir dlí orainn anois cloí le riachtanais den chineál seo.

Cé go bhfuil a gcuid dlíthe féin maidir le daoine óga ag gach uile tír, tá comhaontú idirnáisiúnta amháin ann a bhaineann le cearta an linbh a aithint agus a chur chun cinn. Sé sin Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh ar ghlac na Náisiúin Aontaithe leis i 1989.

Cad é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh?

Is ionann coinbhinsiún agus na bunchaighdeán atá le cur i bhfeidhm le cosaint a thabhairt do chearta leanaí. Is conradh ceangailteach idirnáisiúnta é atá sínithe ag Rialtas na hÉireann agus atá i bhfeidhm in Éirinn ó 1992. Sonraítear na cearta atá ag leanaí sa Choinbhinsiún agus mar sínitheoir don Choinbhinsiún tá dualgas ar an tír seo feidhm a thabhairt do na cearta sin.

Cén sainmhíniú atá ar Leanbh?

De réir an Choinbhinsiúin is ionann 'Leanbh' agus aon duine atá faoi 18 bliain d'aois – dá bhrí sin tá daoine óga san áireamh. De réir an Treoir Náisiúnta do Chosaint

agus Leas Leanaí – *Children First* is ionann ‘Leanbh’ agus duine atá faoi 18 bliain d’aois, nach bhfuil pósta nó nár pósadh riamh.

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe agus Obair Ógras

Mar atá luaite cheana glactar leis go dtugtar feidhm do ghnéithe áirithe den Choinbhinsiún cheana féin mar chuid de na dea-chleachtais oibre atá ag Ógras agus go bhfuil sé seo ar siúl go leanúnach agus le blianta fada. Aithnítear sa Choinbhinsiún gur gá cúram a dhéanamh de leanaí (daoine óga) agus iad a chosaint agus gur gá na riachtanais sin a mheas i gcomhréir leis an tábhacht a bhaineann lena gcumas chun freagracht a ghlacadh, agus iad a spreagadh le bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus rannpháirteacha. Is léir, mar sin go bhfuil coibhneas idir an rud a éilíonn an Coinbhinsiún ar dhaoine óga agus ar mhaithe le daoine óga agus an rud atá Ógras ag soláthar go laethúil.

Cad iad na Cearta atá ag Leanaí?

Tá go leor cearta sonraithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh. I measc na gcearta tábhachtacha atá ábharthach d’Obair Óige tá:

- (i) Ionchur a bheith ag leanaí ina gcuid oideachais
- (ii) Cosaint na timpeallachta ina mhaireann leanaí
- (iii) Caighdeán maireachtála réasúnta
- (iv) Cosaint ó fhoréigean, ó dhrochíde agus ó mhí-úsáid
- (v) Cosaint do leanaí atá faoi chúram lasmuigh den teaghlach agus do leanaí a bhfuil míchumas orthu
- (vi) Leanaí a bheith ábalta a dteanga féin a úsáid, taitneamh a bhaint as a gcultúr féin agus a gcreideamh féin a chleachtadh
- (vii) Caighdeán sláinte agus forbartha réasúnta
- (viii) Leanaí a bhfuil amhras fúthu i leith coire agus leanaí atá ciontaithe i dtaca le coir a bheith déanta acu.

Achoimre ar Chearta an Linbh

Tá trí príomh chatagóir sonraithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe a chuireann bonn faoi chearta sibhialta, sóisialta agus cultúrtha leanaí, i.e.

Soláthar: Cearta a bhaineann le bunchaighdeán sláinte, oideachais, leasa shóisialaigh, cúram fisiciúil, saol teaghlaigh, spraoi, caitheamh aimsire, cultúr agus caighdeán maireachtála sásúil.

Cosaint: An ceart a bheith saor ó idirdhealú, ó dhrochíde fhisiciúil, ó dhúshaothrú, ó mhí-úsáid foladh, ó éagóir agus ó choimhlint.

Rannpháirtíocht: An ceart a n-ainm agus a bhféiniúlacht a bheith acu, go rachfar i gcomhairle leo agus go dtabharfar aird orthu, rochtain a bheith acu ar eolas, saoirse cainte agus tuairimíochta a bheith acu agus an ceart easaontú le socruithe a dhéantar ar a son.

Tá baint ar leith ag roinnt do na h-altanna sa Choinbhinsiún le Cosaint Leanaí:

i) *Alt 19*

Déanann sé tagairt do go nglacfaidh gach grúpa na céimeanna oiriúnacha reachtach, riarthach, sóisialta agus oideachasúil chun an leanbh a chosaint ó gach saghas foréigin fhisiciúil nó intinne, gortú nó drochíde, a tharlaíonn faoi chúram na dtuismitheoirí, caomhnóirí dleathúla nó éinne eile ag glacadh cúraim an linbh.

ii) *Déanann alt 34 agus 35 cur síos ar chosaint leanaí ar dhúshaothrú gnéis agus ar dhíolachán, gáinneáil agus abductú.*

Is cóir go dtabharfaidh dea-chleachtais in Obair Óige aitheantas agus aird ar Chearta an Duine Óig i ngach gné den obair.

SAINMHÍNIÚ & GNÉITHE MÍ-ÚSÁIDE LEANAÍ

Imní Leasa

Fadhb a fhulaingíonn an páiste, nó teaghlach an pháiste, a bhfuil tionchar diúltach aige ar leas nó fhorbairt an pháiste, a thugann údar do mheasúnacht nó tacaíocht. *Child Protection and Welfare Practise Handbook, 2011*

De réir Children First: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Lean Leanaí (2017) déantar mí-úsáid Leanaí a rangú faoi ceithre chatagóir:

- Faillí
- Mí-úsáid mhothúcháin
- Mí-úsáid chorpartha
- Mí-úsáid ghnéasach

D'fhéadfadh duine óg bheith ag fulaingt níos mó ná gné amháin mhí-úsáide ag am ar bith.

Faillí

Tarlaíonn faillí nuair nach bhfaigheann páiste cúram ná maoirseacht sách oiriúnach sa chaoi go ndéanann sé dochar fisiciúil nó forbartha don pháiste. Sainmhínítear é de ghnáth i dtéarmaí easpa cúraim, áit a chuirtear bac le sláinte, forbairt nó leas an pháiste, trí easpa bia, éadaí, theasa, shláinteachas, chúram leighis, spreagadh intleachta agus shábháilteachta. D'fhéadfadh easpa mhothúcháin cur isteach ar cheangail mhothúcháin an pháiste.

Gnéithe faillí

- Bheith fágtha leo féin gan cúram ná maoirseacht sách oiriúnach
- Mí-chothú, easpa bia, bia neamhoiriúnach, nó cothú neamhrialta
- Teip ratha neamhorgánach
- Teip ar chúram leighis agus forbartha sách oiriúnach, spreagadh intleachta san áireamh
- Dálaí maireachtála nach bhfuil oiriúnach
- Easpa feistis sách oiriúnach
- Neamhaird ar shláinteachas
- Easpa cosanta agus neamhchosaint ar dhochar - dochar morálta nó easpa maoirseachta iomchuí d'aois an pháiste san áireamh
- Bheith as láthair ón scoil go minic
- Tréigean

Mí-úsáid mhothúcháin

Tugtar Díothacht mhothúcháin ar mhí-chóireáil chórasach mhothúcháinach nó shíceolaíoch pháiste mar chuid de ghaol iomlán idir an cúramóir agus an páiste. Tarlaíonn an mhí-chóireáil nuair a dhéantar faillí ar riachtanais bhunúsacha an pháiste ar aird, cion, dea-mheas, seasmhacht agus diongbháilteacht, toisc éagumais nó neamhshuim an chúramóra. Tarlaíonn sé freisin nuair atá daoine fásta a bhfuil cúram leanaí orthu neamhbhraiteach nó neamhinniúil (ar chúiseanna éagsúla) riachtanais mhothúcháinacha agus forbartha a bpáistí a chomhlíonadh.

Gnéithe mí-úsáid mhothúcháin

- Séanadh
- Easpa sólais agus grá
- Easpa cheangail
- Easpa spreagadh cuí (m.sh. spóirt agus spraoi)
- Easpa leanúnachas cúraim (m.sh. bogadh tí go minic gan chúis)

- Easpa leanúnach molta nó misnithe
- Cáineadh searbhaís, naimhdeas i dtreo an pháiste nó milleán a chur ar an bpáiste de shíor
- Bulaíocht
- Tuismitheoireacht choinníollach áit a mbraitheann cúram nó cion an pháiste ar a iompar nó gníomhartha
- Róchosaint thar chuimse
- Pionós neamhchorpartha míchuí (m.sh páiste a chur faoi ghlas ina sheomra)
- Coimhlint theaghlaigh nó foréigean teaghlaigh leanúnach
- Ionchais thar a bheith míchuí maidir le páiste de réir a aoise nó a fhorbartha

Mí-úsáid Chorportha

Tarlaíonn mí-úsáid chorportha nuair a ghortaíonn duine páiste go fisiciúil d'aon ghnó nó go gcuireann siad páiste i mbaol a tárlaithe. D'fhéadfadh sé tarlú uair amháin nó go rialta. Bíonn imní leasa ann nuair a dhéantar dochar do shláinte/ do fhorbairt an pháiste de bharr amhrais mí-úsáid chorportha nó go bhfuil baol ann gur tharla sin.

Áirítear:

- Pionós corportha
- Bualadh, boiseog a thabhairt, ciceáil
- Duine a bhrú, a chroitheadh nó a chaitheamh timpeall
- Pinseáil, plaic a bhaint, tachtadh nó tarraingt gruaige
- Láimhseáil le brú thar fóir
- Nimhiú d'aon ghnó
- Plúchadh
- Galair cumtha/spreagtha
- Ciorrú ball giniúna ban (FGM)
- Cealú na cosanta léasadh réasúnta

Mí-úsáid Ghnéasach

Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach nuair a úsáideann duine páiste le haghaidh a phléisiúir nó a mhianta féin, nó do dhuine eile. Cuirtear páiste a bheith páirteach i gníomhartha gnéasacha (féintruailliú, muirniú, gnéas béil nó gnéas treáiteach) san áireamh, chomh maith le hiad a nochtadh do ghníomhaíocht ghnéasach go díreach nó trí pornagrafaíocht.

Samplaí de mhí-úsáid Ghnéasach

- Aon ghníomh gnéasach a dhéantar i láthair páiste d'aon ghnó
- Cuireadh teagmháil ghnéasach nó ainteagmháil a dhéanamh ar chorp pháiste ag duine nó le rud chun spreagadh nó pléisiúr gnéasach a thabhairt
- Féintruailliú i láthair páiste nó i bpáirt le páiste sa ghníomh féinthruaillithe
- Caidreamh collaí le páiste, bíodh sé béil, foighneach nó timpireach
- Bheith fágtha leo féin gan cúram ná maoirseacht sách oiriúnach
- Míchothú, easpa bia, bia neamhoiriúnach, nó cothú neamhrialta
- Teip ratha neamhorgánach
- Dúshaothrú gnéasach pháiste
- Páiste a nochtadh d'ábhar mí-chuí nó drochídeach trí theicneolaíocht fhaisnéise agus cumarsáide
- Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil idir duine fásta agus duine faoi aois.

De réir an dlí coiriúla 'sé aois thoilithe don chaidrimh chollaí ná 17 do bhuachaillí agus do chailíní araon. Má tá páirtí amháin nó an bheirt faoi aois 17 is coir é aon chaidreamh collaí eatarthu. Ní hamhlaidh sin le rá gur mhí-úsáid gnéasach leanaí é i gcónaí.

Bulaíocht

'Sé an sainmhíniú ar bhulaíocht ná ionsaí leantach-bíodh sé ó bhéal, síceolaíoch nó fisiciúil-atá stiúrtha ag duine amháin nó ag grúpa in aghaidh daoine eile.

Samplaí

- Spochadh
- Saighdeadh
- Ag bagairt
- Ag bualadh
- Sracaireacht

Is féidir le bulaíocht tarlú in aon áit – ar scoil, sa bhaile, ar líne nó in áit ina bhfuil seirbhís óige á chur ar fáil. (Féach Polasaí Frith-Bhulaíocht Ógras). I ndroch chásanna bulaíochta, is ionann é agus drochíde fhisiciúil nó drochíde ghoilliúnach a fhulaingt.

Mí-úsáid Phiara

Sa chás go ndéantar líomhain go ndearna páiste mí-úsáid ar pháiste eile, is gá pléigh leis mar shaincheist leasa agus cosaint na beirte agus is cóir cur chuige cosantach a leanúint don íospartach agus don mhí-úsáideoir líomhnaithe. Má bhíonn aon

trasnaíl idir leas an linbh a bhí faoi chois agus leas an linbh a bhfuil líomhaintí ina leith, tugtar tús áite do leas an linbh a bhí ag fulaingt.

Cibearbhulaíocht agus Sábháilteacht ar-líne

Is cóir do chlubanna Ógras agus Óg-Ógras plé le drochúsáid ar na meáin shóisialta trí úsáid a bhaint as Polasaí Idirlíne Ógras 2019.

Is gá aird daoine óga a tharraingt ar na rioscaí a bhaineann lena n-úsáid theicneolaíochta ina n-áirítear:

- Gnéastéacsáil
- Cibearbhulaíocht
- Mealltóireacht idirlín

Is foirm bhulaíocht é cibearbhulaíocht a dhéanann daoine trí teicneolaíochtaí idirghníomhacha. Tarlaíonn cibearbhulaíocht ar líne thrí shuímh shóisialta ina mbíonn daoine ag comhrá. Is féidir le cibearbhulaíocht tarlú freisin trí theachtaireachtaí téacs ar fhóin póca.

Samplaí do cibearbhulaíocht :

- Nuair a chuireann an bulaí eolas bréagach faoi dhuine ar an idirlíon agus nuair a ghlaonn siad ainmneacha maslacha ar dhuine ar bhlaganna. Is foirm de cibearbhulaíocht é nuair a chuirtear ríomhphoist ag mic léinn ina ndéantar bagairt orthu.
- Uaireanta ní dhéanann an té atá ag déanamh na bulaíochta teagmháil dhíreach leis an íospartach ach go gcuireann siad na ríomhphoist taobh amuigh d'uaireanta an chlub nó imeachta. Ní bhíonn a fhios ag an íospartach cé atá ag cur na ríomhphoist.
- Nuair a chuireann an bulaí suas leathanach próifíl do dhuine le hainm, pictiúr agus eolas teagmháil fhíor duine eile. Deir an bulaí ansin rudaí gránna, bréagacha agus mailíseacha faoin duine atá sé ag rá gur leis an leathanach agus faoina gcairde.
- Nó, nuair a ghoideann an bulaí pasfhocal suíomh gréasán meán sóisialta duine eile agus ligeann siad orthu féin gur iad an duine sin.

Tá cibearbhulaíocht difriúil ón mbulaíocht thraidisiúnta mar gur féidir leis na céadta nó na mílte daoine ábhar na bulaíochta a fheiceáil ar líne.

Cúinsí a d'fhágfadh páistí leochaileach do dhochar

Cé gur féidir le bulaíocht tarlú do pháiste ar bith, is féidir le páistí áirithe a bheith níos leochailí do mhí-úsáid ná páistí eile. Go háirithe, páistí faoi mhíchumais, páistí faoi chúram nó atá as baile; páistí le riachtanais speisialta oideachais; iad siúd ó mhionlach eitneach agus ó ghrúpaí inimirceacha; ón lucht taistil; leanaí LADTC+ agus iad siúd a mheastar a bheith LADTC+; páistí a bhfuil fadhbanna ag a dtuistí agus leanaí ó chreidimh reiligiúnacha mhionlaigh, tá siad níos leochailí do dhochar.

TUISCINT AGUS AITHINT DHROCHÍDE LEANAÍ

Cúiseanna Réasúnta le bheith imníoch

Is cóir scéala a thabhairt do na hÚdaráis Reachtúla i gcónaí nuair a bhíonn cúis réasúnta ag duine a bheith imníoch go bhfuil leanbh tar éis drochíde a fhulaingt, nó ag fulaingt drochíde nó go bhfuil sé/sí i mbaol drochíde de chineál éigin.

Tá sé tábhachtach a mheabhrú nach féidir glacadh leis gur ionann comhartha amháin díobh seo agus cruthúnas go bhfuil drochíde ag tarlú. D'fhéadfadh cúis eile a bheith leis seachas drochíde leanaí.

Is mó an seans go bhfuil drochíde ag tarlú má bhíonn cúpla ceann nó patrún de na comharthaí seo le feiceáil. Is gá cúinsí sóisialta agus teaghlaigh an linbh a chur san áireamh nuair atá na comharthaí seo á meas. Is gá caidéis a dhéanamh freisin do chúiseanna eile a d'fhéadfadh a bheith mar bhunús le comharthaí fisiciúil nó athruithe in iompar an linbh.

Seo a leanas samplaí a thabharfaidh cúis réasúnta do dhuine a bheith imníoch:

- Eolas ón leanbh a thugann le fios gur fhulaing sé/sí drochíde
- Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh ag fulaingt drochíde
- Fianaise ar nós gortaithe nó iompair a d'fhéadfadh tarlú de bharr drochíde agus gur beag seans gur tharla sé ar aon bhealach eile
- Gortú nó iompar a d'fhéadfadh tarlú de bharr drochíde nó de bharr mínithe neamhurchóidigh eile, nuair atá comharthaí eile ann a chuireann leis an imní go bhféadfadh drochíde a bheith i gceist. Mar shampla dá mbeadh patrún le feiceáil i gcás gortuithe agus míniú á fháil orthu nach raibh inchreidte, agus ag an am céanna comharthaí drochíde agus iompar mífhéidhmiúil eile a bheith le feiceáil.
- Comharthaí leanúnacha, thar tréimhse ama, go bhfuil leanbh ag fulaingt de bharr faillí fisiceach nó goilliúnaí.

Seo roinnt comharthaí a d'fhéadfadh tabhairt le fios go bhfuil Drochíde Leanaí ann:

Fisiciúil

- Gortuithe rialta, cnámha briste, gearrthacha agus gortuithe eile
- Éadach stróicthe
- Comharthaí faillí, mar shampla salachar, ocras
- Leanbh nach bhfuil rafar
- Gortuithe nó pian sna baill ghiniúna
- Sileadh fola (sa reitine nó faighin)
- Galair chollaí
- Toircheas

Goilliúnach

- Athruithe míréasúnta in iompar agus / nó i ngiúmar
- Iompar bagrach, ró-chiúin nó dearcadh atá 'ar chuma liom leat'
- Easpa dáimhe
- Ísle brí nó iarrachtaí féinmharaíthe
- Tromluithe rialta, codladh corraíleach, fliuchadh leapa, drogall roimh dul a chodladh
- Eagla roimh thuismitheoirí, roimh dhuine nó cara clainne, nó a bheith ró mhórchúiseach leo
- Eagla roimh dhaoine fásta nó roimh dhaoine ar leith e.g. ball clainne, feighlí linbh
- Eagla roimh an dorchadas
- Taomanna anbhá

Gnéis

- Iompar atá ró-ghrámhar, nó iompar/eolas faoi ghnéas atá mí-oiriúnach i bhfianaise aois an linbh – léirítear é seo go minic trí chaint, trí spraoi nó le pictiúir
- Cuimilt nó nochtadh na mball ghiniúna, féintruailliú os comhair dhaoine eile
- Iompar ionsaitheach gnéis le daoine eile
- Ag tabhairt leide faoi ghníomhaíochtaí gnéis
- Drogall neamhghnách a bheith páirteach i ngnáth ghníomhaíochtaí a mbaineann athrú éadach leo, i.e cluichí / snámh
- A bheith ró-ghéilliúil agus ró-umhal

- Col láidir nó a bheith mí-chompordach le teagmháil fhisiciúil
- Striapachas – ag tairiscint gnéis ar mhaithe le bronntanais nó airgead
- Athruithe a thagann i ngnáthiompar an duine a bhíonn i gceist
- Gan a bheith toilteanach páirt a ghlacadh in imeachtaí áirithe nó dul chuig áiteanna ar leith (a thaitin leis/leí roimhe seo) e.g. scoil, club óige, linn snámha
- Ag éalú ón mbaile nó ag seachaint na scoile
- Buairt a thagann de bharr a bheith scartha ó dhuine / dhaoine
- Leithleachas
- Tuirse agus deacrachtaí le haire a dhíriú ar ábhar
- Flúirse bronntanais gan mhíniú a bheith le feiceáil (breabanna) nó síor-ghanntanas airgid agus a bheith go síoraí ag cailliúint trealamh / éadaigh / bróga maithe (tógtha ag maistíní)

Tinneas

- Aicídí itheacháin mar shampla craos nó anorexia
- Aicídí craicinn
- Níochán a théann thar fóir
- Mí-oird shíceolaíochta agus chorparcha

Deileáil le Faisnéis

Is féidir le hObair Óige timpeallacht a sholáthar a spreagann sábháilteacht, muinín agus iontaoibh agus a chuireann ar chumas daoine óga a gcuid buartha a phlé.

Roghnóidh duine óg nó ceannaire fásta an duine a bhfuil siad chun faisnéis a thabhairt dó / di go cúramach – agus is é / í an duine ina bhfuil iontaoibh agus muinín acu an duine a roghnófar.

Tá sé tábhachtach go mbraithfeadh leanaí a thugann faisnéis faoi dhrochíde linbh go bhfuil tacaíocht agus tuiscint ar fáil dóibh agus iad ag dul trí phróiseas atá scanrúil agus coscrach dóibh. D'fhéadfadh sé / sí a bheith trína chéile, faiteach, feargach, éadóchasach agus ag aireachtáil ciontach. Tá sé tábhachtach nach gcuirfeadh an bealach ina láimhseáiltear an fhaisnéis leis na mothúcháin dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag an leanbh. Tá leanbh a sceitheann eolas faoi dhrochíde linbh chuig oibrí deonach ag léiriú mór-iontaoibh sa duine sin agus caithfimid ómós a bheith againn dó / di agus déileáil leis / leí go faichilleach, cúramach.

Is gá do gach duine a bheith san airdeall faoi go bhféadfadh leanaí lena mbíonn siad i dteagmháil a bheith ag fulaingt drochíde. Má tá amhras i gceist ba chóir é a thuairisciú do Tusla.

Conas Déileáil le Faisnéis

Tugann an Caibidil Socruithe Tuairiscithe cuntas ar conas feidhmiú nuair atá Tusla nó an Garda Síochána le cur ar an eolas maidir le líomhaintí. Tá sé fíorthábhachtach, áfach, go ndéileálfar go faichilleach agus go discréideach le líomhaintí agus go gcuirfear na rudaí seo a leanas san áireamh agus muid ag plé le leanbh atá ag déanamh líomhaintí:

Glac go dáiríre leis an rud atá an leanbh ag rá:

- Coinnigh guaim ort féin mar má théann tú thar fóir d'fhéadfá an leanbh a scanrú agus cur leis na mothúcháin ciontacha atá aige / aici cheana féin;
- Deimhnigh don leanbh go raibh sé / sí ceart insint faoin rud a tharla;
- Úsáid téarmaíocht a thuigeann an leanbh; mar shampla nuair atá tú ag labhairt faoi chodanna den cholainn úsáid téarmaí an linbh seachas do chuid téarmaí féin;
- Éist go cúramach agus go haireach leis an leanbh;
- Níor chóir aon cheisteanna a chur ar an bpáiste ach amháin i dtreo soiléireachta. Ba chóir don chomhrá a bheith tacúil agus dírithe ar léargas níos soiléire a fháil. Ná cur ceisteanna a thugann stiúir, mar shampla, ná fiafraigh ar tharla gníomhartha ar leith nach bhfuil luaite ag an leanbh agus ná fiafraigh an raibh baint ag duine nach bhfuil luaite ag an leanbh leis an drochíde. Ná lorg mioneolas sa bhreis ar an eolas a thugann an leanbh dá dheoin féin. D'fhéadfadh ceisteanna den chineál sin agus an stiúir a thugann siad deacrachtaí a chothú d'fhiosrúcháin Tusla nó an Garda Síochána;
- Ná léirigh aon tuairimí faoin duine a bhfuil líomhaintí curtha ina leith don duine atá ag cur faisnéise ar fáil duit;
- Ná téigh i ngleic leis an duine a bhfuil líomhaintí curtha ina leith;
- Scríobh síos aon rud a dúradh leat láithreach. Cuir síos cén áit agus cén uair agus aon eolas ábhartha eile. Ba cheart gach tuairisc scríofa a bheith sínithe agus dátaithe ag an duine a scríobh é;
- Seiceáil leis an leanbh lena chinntiú go bhfuil an rud a chuala tú agus an tuiscint a bhain tú as i gcomhréir leis an rud a dúirt sé / sí.

- Ná tabhair aon gheallúint nach féidir a choinneáil;
- Ná geall go gcoinneofar faoi rún an rud a déarfad leat. Is féidir leat é seo a sheachaint trína rá leis an duine óg nach n-ionann líomhain a bheith faoi dhiscréid agus é a bheith ina rún daingean agus go gcaithfear é a fhiosrú de réir mar a fhaightear faisnéis faoi;
- Mínigh don leanbh céard é an chéad rud eile a tharlóidh agus déan cinnte go dtuigeann sé / sí é;
- Coinnigh srian agus teora leis an eolas atá á thaifead agus á thuairisciú. Déan cinnte go bhfuil sé curtha ar fáil agus teoranta do dhaoine riachtanacha agus nach gcuirtear ar fáil é do dhaoine eile nach bhfuil aon cheart acu ina leith.

Nuair a dhéantar líomhaintí ní cóir don eagraíocht iad a fhiosrú. Is cóir iad a chur in iúl don Teagmhálaithe Ainmnithe san eagraíocht agus iad a fhágáil faoi chúram Tusla / an Garda Síochána le déileáil leo.

Socruithe Tuairiscithe in Ógras

Is cóir a chinntiú go bhfuil leanaí agus fostaithe ar an eolas faoi na socruithe tuairiscithe inmheánacha agus an struchtúr bainistíochta atá i gceist. Is cóir go mbeidh fostaithe, oibrithe deonacha agus daoine óga ar an eolas freisin faoi cé hiad na húdaráis chuí le faisnéis a thabhairt dóibh lasmuigh den eagraíocht má tá cúis ar bith nach dteastaíonn uathu faisnéis a chur ar fáil go himmheánach nó mura bhfuil siad sásta le freagra na heagraíochta.

Nuair atá faisnéis á thabhairt is gá na rudaí seo a leanas a chur san áireamh:

- Gur gá tús áite a thabhairt do chosaint agus sábháilteacht an linbh
- Prionsabal an cheirt nádúrtha a ghlacann leis go bhfuil duine neamhchiontach go dtí go gcruthaítear a mhalairt
- Prionsabal na discréide a chiallaíonn nach dtugtar eolas faoi amhras/líomhain/faisnéise i dtaobh drochíde ach do dhaoine gur gá iad a chur ar an eolas faoi, agus go coinnítear an líon daoine gur gá a choinneáil ar an eolas faoi chomh híseal agus is féidir

Socruithe Tuairiscithe

I gcás ina bhfuil amhras nó faisnéis faoi dhrochíde is cóir don fhostaí/oibrí deonach an cas a phlé leis an:

Teagmhálaí Idirchaidrimh Ainmnithe - Maedhbh Ní Dhónaill 086 6018520)

nó leis an

Leas-Teagmhálaí Idirchaidrimh Ainmnithe - Anita Nic Amhlaoidh 085 7028787

san eagraíocht. Nuair a chuirtear an TIA ar an eolas ba chóir faisnéis a chur ar fáil chomh luath agus is féidir do Tusla. Is cóir don eagraíocht a thuiscint gur gá an líon daoine a chaithfear a chur ar an eolas faoin gcás a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

An Gnáthchóras Tuairiscithe

Má tá amhras nó líomhaintí faoi dhrochíde leanaí, is cóir do dhaoine sa phobal nó do dhaoine gairmiúla na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

- (i) Má bhíonn tú buartha faoi leanbh ach nach bhfuil tú cinnte ar cheart duit é a thuairisciú chuig Tusla, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Tusla chun d'inní a phlé go neamhfhoirmiúil. Tabharfaidh sé deis don duine an fiosrú a phlé go ginearálta, agus teacht ar chinneadh arb iomchuí é tuairisciú foirmiúil i leith inní chuig Tusla ag an gcéim seo.
- (ii) Is féidir leat d'inní a thuairisciú go pearsanta, thar an nguthán nó i scríbhinn – trí ríomhphost – chuig an tseirbhís dualgais oibre sóisialta áitiúil sa limistéar ina gcónaíonn an leanbh. Is féidir leat teacht ar shonraí teagmhála d'fhoirne oibre sóisialta Tusla ar láithreán gréasáin Tusla féin www.tusla.ie (nó ag Aguisín A)
- (iii) Má thagann an inní faoi bhun na tairsí don tuairisciú, b'fhéidir go mbeadh Tusla in ann comhairle a thabhairt i dtéarmaí súil a choinneáil ar an leanbh agus ar sheirbhísí eile a d'fhéadfadh beith ní b'oiriúnaí chun éilimh an linbh agus/nó an teaghlaigh a shásamh.
- (iv) I gcás éigeandála, nó sa chás nach bhfuil fostaithe de chuid Tusla ar fáil, is cóir tuairisc a chur chuig an nGarda Síochana. Is féidir é seo a dhéanamh ag aon Stáisiún Gardaí.

Tuaisceart Éireann

- (i) Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an NSPCC ar 0808 800 5000 nó ar ríomhphost ag help@nspcc.org.uk agus tá gairmithe oillte ar fáil chun an buairt atá agat a phlé agus comhairle saineolaithe a thabhairt duit.

- (ii) I gcás nach bhfuil práinneach is féidir teagmháil a dhéanamh leis an *Health & Social Care Trust (HSCT) Gateway Team* abartha mar is iadsan an chéad pointe teagmhála le haghaidh athreorú nua chuig seirbhísí sóisialta leanaí. <https://www.nidirect.gov.uk/publications/gateway-service-teams-contact-details> (*Aguisín B*)
- (iii) I gcás éigeandála ba chóir teagmháil a dhéanamh le *Police Service of Northern Ireland (PSNI)* <https://www.psni.police.uk/contact-us/>. Is féidir leo freagairt chosanta éigeandála a dhéanamh má tá duine buartha go bhfuil páiste i mbaoil láithreach.

Eolas tábhachtach ag teastáil i dtuairisce chuig Tusla nó an Gateway Team (HSCT)

Teastaíonn an oiread eolais agus is féidir ó fhoireann Tusla / *Gateway Teams* chun cuidiú leo imní réasúnta a mheasúnú. Ba chóir an oiread eolais ábhartha agus is féidir a sholáthar faoin leanbh, faoina gcúinsí baile agus faoi na forais imní.

D'fhéadfaí áireamh leo siúd:

- Ainm agus seoladh agus aois an linbh
- Ainmneacha agus seoltaí na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí
- Ainmneacha, más eol duit, an duine/na daoine atá ag déanamh díobhála don leanbh nó nach dtugann cúram cuí dóibh
- Cuntas mionsonraithe ar d'fhorais imní (m.sh. sonraí na líomhna, dátaí na dteagmhas, agus tuairisc ar na gortuithe)
- Ainmneacha leanaí eile sa teaghlach
- Ainm na scoile ar a bhfreastalaíonn an leanbh
- D'ainm, do shonraí teagmhála agus do ghaol leis an leanbh

Ba chóir duit an oiread eolais agus is féidir a thabhairt d'oibrithe sóisialta ag céim luath ionas gur féidir leo scrúdú iomlán a dhéanamh ar a gcuid taifead.

Ba chóir an Teagmhalaí Idirchaidreamh Ainmnithe (DLP) in Ógras a chur ar an eolas faoin tuairisc sa chás go ndéantar teagmháil díreach le Tusla / *Gateway Team*.

Líomhaintí i gcoinne baill foirne nó Oibrí Dheonaigh

Is cóir gealltanais go gcloífidh sé / sí le Polasaí um Chosaint Leanaí Ógras a bheith mar chuid de chonradh fostaíochta scríofa gach fostaí agus is cóir é seo a bheith mar choinníoll do cheangal / clárú grúpaí eile leis an eagraíocht.

Sa chás go ndéantar líomhaintí i gcoinne baill foirne nó oibrithe dheonaigh laistigh d'Oifig Náisiúnta Ógras, leantar dhá nós imeachta éagsúla:

- An nós imeachta tuairiscithe a bhaineann leis an bpáiste
- An nós imeachta a bhaineann leis an mball foirne/an oibrí deonach

De réir Children First: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí ba cheart na nósanna imeachta seo a leanúint sa chás go bhfuil amhras faoi nó gur nochtadh fianaise maidir le mí-úsáid i gcoinne fhostaí nó oibrí dheonaigh. Sa chás seo, is gá d'Ógras aird mar is cuí a thabhairt do chearta agus do leasa an pháiste ar lámh amháin agus cearta agus leasa an duine gur cuireadh an líomhaintí ina leith.

Pléifidh an Stiúrthóir leis an mball foirne/oibrí deonach atá i gceist agus beidh sé de fhreagracht ar an Leas-Teagmhála ainmnithe plé le ceist na tuairiscithe agus tacaíocht a thabhairt don bpáiste. D'fhéadfadh go gcuirfí líomhaintí mailíseacha nó cinn atá mícheart i leith baill foirne/oibrithe dheonaigh, dá bhrí sin is gá plé go hógair le líomhaintí den tsaghas seo agus is gá tacaíocht a sholáthar don bhfoireann chomh maith leis an bpáiste, comhairleoireacht más gá. Tá cosaint an pháiste mar príomh-aidhm an chórais mar aon le haire a thabhairt don mball foirne/oibrí dheonach ar bhonn cothrom.

Nuair a chuirtear Stiúrthóir Ógras ar an eolas faoi líomhain mí-úsáide páiste nó páistí ag ball foirne/oibrí deonaigh, tabharfaidh sí an fhaisnéis seo a leanas don duine, más cuí:

- (i) Go bhfuil líomhain curtha ina c(h)oinne
- (ii) An saghas líomhain atá i gceist

Tabharfar deis don mball foirne/oibrí deonach freagra a thabhairt. Déanfaidh an Stiúrthóir nóta den bhfreagra úd agus tabharfar an t-eolas do Tusla sa chás go gcuirfear tuarascáil fhoirmiúil ar aghaidh.

Fanfaidh an Stiúrthóir ansin ar fhreagra ó Tusla agus/nó ón nGarda Síochána. Tá sé tábhachtach a rá go dtagann gach eagraíocht faoi scáth an Achta um Chosaintí do Dhaoine A Thuairisceoidh Drochúsáid Leanaí, 1998 an fheid is go dtuairiscíonn siad an cas 'reasonably and in good faith'. Glacann Ógras leis go mb'fhéidir go mbeidh tionchar ag fachtóirí éagsúla ar an eagraíocht agus gur ghá iad a thógáil san áireamh:

- (i) Freagrachtaí ionchasacha baill foirne/oibrithe dheonaigh eile, fearg, díchreideamh, amhras, scanradh, ciontacht, geit, imní agus mearbhall ina measc.

- (ii) Na héifeachtaí a bheidh ag na nósanna inmheánacha smachtaithe, an t-imscrúdú um Chosaint Leanaí agus an t-imscrúdú coiriúil ar an drochúsáideoir líomhnaithe.
- (iii) Conas mar a dheileálann baill foirne/oibrithe dheonacha eile leis an duine óg ar baineadh mí-úsáid as/aisti nó go bhfuiltear ag fiosrú líomhna a deineadh.
- (iv) Freagairtí tuismitheoirí/caomhnóirí agus baill eile de theaghlach an duine óig.
- Cuirfidh Ógras na páirtithe éagsúla ar an eolas faoi na seirbhísí tacaíochta ábhartha atá ar fáil.

NÓTA

Sa chás go gcuirtear líomhain i gcoinne an Stiúrthóra, is é Cathaoirleach Ógras a phléifeadh leis an gcás.

Nósanna Imeachta chun deileáil le baill foirne agus dualgas cúraim an fhostóra faoi mar a bhaineann sé le páistí nó le mí-úsáid páistí.

Is í an príóireacht ná chun a chinntiú nach bhfuil aon pháiste nochtaíthe do riosca neamhriachtanach agus dá bhrí sin cuirfear aon bheartas cosanta riachtanach i bhfeidhm. Beidh na bearta seo i gcomhréir le leibhéal an riosca agus ní chuirfidh sé pionós mí-réasúnta ar an oibrí ó thaobh airgid de, nó a mhalairt, ach sa chás gur gá amhlaidh a dhéanamh chun páistí a chosaint.

- D'fhéadfadh go mbeidh gá don Stiúrthóir comhairle dlithiúil a lorg maidir le haon ghníomhaíocht tar éis do líomhain a bheith curtha i leith ball foirne/oibrí deonach. D'fhéadfadh go mbeidh gá le cruinniú a eagrú le Tusla/na Gardaí chun an líomhain a phlé.
- Cuirfidh an Stiúrthóir an duine ar cuireadh an líomhain ina leith ar an eolas faoi thoradh na comhairliúcháin thuasluaite. Ag brath ar thoradh ar iniúchadh Tusla agus/na Gardaí, d'fhéadfadh go ndéanfaidh/tarlódh an rud seo a leanas don mball foirne/oibrí deonach
 - Tabharfar dualgais don duine nach mbaineann le teagmháil le nó le rochtain ar pháistí/dhaoine óga, ag brath ar an saghas líomhna atá i gceist.
 - Cuirfear an duine ar shaoire riaracháin le pá
 - Tairisceofar comhairleoireacht don bhall foirne/oibrí deonach, más gá.

Taifeadadh agus Coimeád Eolais

I ngach cás, ar a n-airítear cásanna a thagann chun cinn de bharr faisnéise a chuirtear ar fáil faoi rún, tá sé fíor-thábhachtach na sonraí maidir le líomhaintí a dhéantar agus eachtraí a thuairiscítear a thaifeadadh, fiú mura gcuirtear áisíneacht reachtúil ar an eolas faoin gcás ina dhiaidh sin. Is cóir seo a dhéanamh chomh luath agus is féidir tar éis don eachtra tarlú.

Beidh cumas Tusla agus nó an Gharda Síochána chun amhras agus líomhaintí faoi dhrochíde leanaí a mheas ag brath go mór ar mhéid agus ar fhiúntas an eolais a gheobhaidh siad ó na daoine atá á gcur ar an eolas faoin gcás.

Tá cur síos ar an mioneolas cruinn atá ag teastáil nuair atá faisnéis á chur ar fáil. Is cóir é seo a chur san áireamh nuair atá tuairisc á ullmhú – féach an Fhoirm Tuairiscithe ar Chosaint agus Leas Leanaí (*Augisín C agus D*). Is cóir gach iarracht a dhéanamh an oiread eolais agus is féidir a thabhairt nuair atá faisnéis maidir le drochíde á cur ar fáil. Is dea-chleachtas é gan an páiste a cheistiú.

Ag Coimeád Eolais i dTaisce

Is cóir gach tuairisc / foirmeacha comhlíonta a choimeád in áit atá slán agus sábháilte in Ard-Oifig Ógras. Ní féidir an iomarca béime a chur ar cé chomh riachtanach agus atá sé córas taifeadta éifeachtach a bheith ag gach céim den phróiseas cosanta leanaí agus leantar na treoracha thíos. Tá na treoracha seo ag cloí leis an rialachán ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018 agus an Acht Cosaint Sonraí 1988 agus 2003. Níl sé ceadaithe na cáipéisí seo a choinneáil go háitiúil agus dá réir sin is cóir áiseanna stórála na heagraíochta a úsáid.

- Is iad an TIA agus an Leas-TIA na daoine a mbeidh fáil acu ar na cáipéisí seo. Is cóir go mbeidh fáil ag údar tuairisce / foirme ar an tuairisc sin, chun gur féidir leo an t-eolas faoin gcás a thabhairt chun cuimhne nó, chun cabhrú leo monatóireacht a dhéanamh ar chás nach bhfuil deimhnithe go fóill.
- Ní féidir cáipéis atá curtha ar fáil roimhe seo a leasú. I gcás eachtraí nó eolais nua, is gá cáipéis nua a ullmhú agus cuirfear é seo leis an gcáipéis atá ann cheana. Mar atá rudaí faoi láthair, tá seans maith ann go gcaithfear na cáipéisí seo a choimeád go buan.
- Má thugtar faisnéis faoi chás do na húdaráis reachtúla, tá gach seans ann go mbeidh na tuairiscí / na foirmeacha de dhíth ar na Gardaí i gcomhair fianaise.
- Nuair a chuireann duine aonair faisnéis ar fáil do na húdaráis reachtúla, d'fhéadfadh go mbeadh air / uirthi fianaise a thabhairt os comhair cúirte má théann an cás chun dlí. Dá thairbhe sin tá sé fíor-thábhachtach na sonraí ar

fad a bhaineann le faisnéis agus le haon eolas ábhartha eile a chonaic tú nó a chuala tú a thaifeadadh.

Córas do cheannairí deonacha maidir le taifead scríofa ar buairt faoi Chosaint Páistí

1. Ba chóir aon nótaí a scríobh/a chló in áit nach bhfeiceann ceannairí eile nó do chlann cad atá a scríobh agat. Ba chóir iad a choinneáil go sealadach in áit sábháilte – ar nós taisceadán nó áit éigin príobháideach nach bhfuil teacht ag daoine eile sa teach orthu.
2. Ba chóir aon nótaí lámhscríofa nó clóite a chur sa phost nó a sheachadha go pearsanta chuig an TIA chomh luath agus is féidir le stóráil in Ard-Oifig Ógras. Ba chóir nóta a chur ar an chlúdach litreach le rá go bhfuil sé “Príobhaideach agus Faoi Rún”.
3. Níor chóir aon nótaí nó taifead a sheoladh tríd ríomhphost nó téacs riamh.
4. Déanfaidh an TIA gach cód faoi chás Cosaint Leanaí a stóráil go slán de réir nós imeachta na heagraíochta i dtaobh Cosaint Leanaí.
5. Caithfear aon doiciméad a réitíonn ceannaire deonach ar ríomhaire baile/pearsanta a scrios chomh luath agus atá sé seolta chuig an TIA. Cinntigh go bhfuil sé scriosta ón fhillteán athchúrsála ar an ríomhaire freisin.

Nuair a déantar cinneadh tuairisc a sheoladh chuig Tusla maidir le buairt faoi Cosaint Leanaí, baintear úsáid as Foirm Thuairisce Ar Chosaint agus Leas Leanaí ar-líne/ *Child Protection and Welfare Report Form (Aguisín C)*

Nochtadh faisnéise atá ag dul siar píosa fada ag daoine fásta

Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine fásta atá ag tabhairt le fios gur tugadh drochúsáid dóibh le linn a n-óige. Tagann nochtadh den tsórt sin chun solais go minic nuair a bhíonn daoine fásta ag freastal ar sheisiúin chomhairleoireachta. Tá sé riachtanach a fháil amach cibé an bhfuil aon bhaol ann faoi láthair d’aon leanbh a d’fhéadfadh a bheith i dteagmháil leis an droch-úsáideoir líomhnaithe a luaitear i nochtadh den sórt sin.

Tá Seirbhís Náisiúnta Chomhairleoireachta FSS ann le cinntiú go n-éistfear leo siúd ar tugadh drochúsáid dóibh le linn a n-óige, go dtuigfear iad agus go mbeidh ómós don méid atá á dhéanamh acu. Seirbhís ghairmiúil rúnda chomhairleoireachta agus shíciteiripe í, agus tá sí ar fáil saor in aisce i ngach réigiún sa tír (féach www.hse-ncs.ie/en).

Imní faoi aosach a fhéadann bheith ina bhaol do leanaí

Cé go dtagann imníocha aníos do leas nó do shábháilteacht linbh ó do thaithí féin ar an leanbh nó ar a dteaghlach sa chuid is mó de na cásanna, tagann imníocha aníos uaireanta faoi an féidir le haosach bheith i mbaol do leanaí, fiú mura n-ainmnítear leanbh sonrach ar bith i ndáil leis an imní. Mar shampla, d'fhéadfadh imní bheith ann bunaithe ar iompar aitheanta nó amhrasach san am atá caite, faoin bpriacal a d'fhéadfadh bheith ag duine aonair do leanaí lena mbíonn teagmháil acu. Ba chóir duit aon imníocha réasúnta mar sin a thuairisciú do Tusla, a dhéanfaidh iarracht chun fáil amach an mbíonn aon leanbh i mbaol faoi láthair ón duine úd.

Cé go ndéanfaidh Tusla gach uile iarracht chun na cásanna sin a iniúchadh, is limistéar fíorchasta é lena mbaineann cearta bunreachtúla an chúisí dá ndea-chlú, dá bpríobháideachas agus don cheart chun beatha a shaothrú, chomh maith le riachtanais an cheartais aiceanta. Caithfidh Tusla feidhmiú laistigh den Bhunreacht, den dlí, den chóras dlíthiúil agus d'éilimh an cheartais aiceanta chun cearta contrártha na ndaoine i gceist a chothromú. Féadfar teorainn a chur leis sin don mhéid aiseolais ar féidir le Tusla a thabhairt duit faoi dhul chun cinn nó faoi thoradh an cháis. Is féidir iniúchadh Tusla a fheabhsú go mór má bhraitheann an t-íospartach líomhnaithe gur féidir leo comhoibriú le Tusla mar chuid dá mheasúnú nó dá imscrúdú.

Discreíd

Is ionann discréd agus eolas goilliúnach a fhaightear mar chuid de chaidreamh iontaofa a bhainistiú ar bhealach atá ómósach, gairmiúil agus feidhmiúil.

Tá Obair Óige bunaithe ar chaidrimh iontaofa agus ní rud neamhghnách é go mbíonn daoine óga sásta sonraí agus fadhbanna pearsanta a phlé le hoibrithe óige. Tá sé tábhachtach go dtuigeann gach duine (baill an ghrúpa óige agus ceannairí fásta) a thugann eolas sa chomhthéacs seo go bhfuil teora agus freagrachtaí áirithe i gceist le discréd.

Ní féidir le hoibrí óige geallúint a thabhairt riamh go gcoinneoidh sé/sí faoi rún eolas a fhaigheann siad faoi chás a bhaineann le drochíde leanaí. Is cóir d'oibrí óige a mhíniú don duine óg atá ag tabhairt eolais dó/di an chúis nach féidir an t-eolas a

choinneáil faoi rún, agus ansin a mhíniú cad atá i gceist aige/aici a dhéanamh leis an eolas. Is cóir gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú go dtuigeann an duine óg an stráitéis seo agus a (h)aonú a fháil ina leith. Má táthar ag obair le leanbh agus teaghlach is gá é seo a dhéanamh soiléir do gach páirtí a bhfuil baint acu leis an gcás.

Is cóir gach eolas a bhaineann le cás ina bhfuil drochíde leanaí á mheas, a bheith teoranta do dhaoine ‘gur gá an t-eolas a bheith acu’ ar mhaithe le leas an linbh.
(*Children First 2017*)

Teagmhálaithe Ainmnithe / Duine Sainorduithe

Tá Teagmhálaithe Ainmnithe agus Leas Teagmhálaithe Ainmnithe ceaptha ag Ógras agus tá sé de chúram ar an duine/daoine a bheith ar fáil mar áis do dhaoine óga, do cheannairí agus do bhaill foirne a bhfuil imní orthu faoi chosaint leanaí. Aon ghné a bhaineann le Cosaint Leanaí beidh sé curtha faoi bhrád an Teagmhálaithe Ainmnithe agus cuirfidh sé/sí an t-eolas chuig Tusla nó na Gardaí.

Teagmhálaí Idirchaidrimh Ainmnithe Ógras:

DLP Teagmhálaí Ainmnithe	Maedhbh Ní Dhónaill	maedhbh@ogras.ie	+353 (0) 86 6018520
Teagmhálaí Ainmnithe Cúnta	Anita Nic Amhlaoidh	anitanicamh@gmail.com	+ 353 (0) 85 7028787

Is é an Duine Sainorduithe duine atá fostaithe leis an bhfeidhm a bhaineann le leas agus cosaint leanaí in eagrais agus eagraíochtaí creidimh, spóirt, fóillíochta, cultúrtha, oideachais agus eile a thugann seirbhís do leanaí nó daoine óga. Má chuirtear in iúl dóibh ábhar imní faoi leanbh/duine óg a chomhlíonann nó a sháraíonn na tairisí dochair le haghaidh tuairisciú sainorduithe, tá oibleagáid reachtúil orthu tuairisc a dhéanamh do Tusla mar gheall ar a ról.

In Ógras is Duine Sainorduithe freisin an Teagmhálaithe Ainmnithe agus an Leas-Teagmhálaithe Ainmnithe. Ciallaíonn sé sin go caithfidh an TIA nó an Leas TIA oibleagáidí reachtúla an Duine Sainorduithe a chomhlíonadh.

Tá beirt Teagmhálaí Idirchaidrimh Ainmnithe (TIA) ann chun faillí nó drochúsáid a thuairisciú ag Ógras agus cuirtear a n-ainmneacha ar taispeáint mar chuid den ráiteas cumhdach in ionaid, hallaí agus oifigí chomh maith le leathanach Cumhdach Páistí ar shuíomh idirlíne Ógras chun paistí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus ceannairí

a chur ar an eolas faoi na daoine gur chóir teagmháil a dhéanamh leo maidir le ceisteanna cumhdach leanaí de réir nós imeachta tuairiscithe Ógras. Seo na dualgais atá ar na daoine sin:

- Caithfidh sé /sí gach buairt nó líomhain a bhaineann le mí-úsáid leanaí a cuireadh ar a (h)aird, agus na gníomhartha faoinar tugadh maidir le buairt nó líomhain i leith mí-úsáid leanaí a chur i dtaifead.
- Fáisnéis a thabhairt do Tusla nó don Gharda Síochána faoi chásanna ina bhfuil amhrais nó líomhaintí faoi dhrochíde leanaí a bheith ag tarlú.
- Idirghabháil a dhéanamh idir an eagraíocht, baill na heagraíochta, an fhoireann agus na húdaráis nuair is gá
- A chinntiú go bhfuil tacaíocht ar fáil do dhaoine atá tar éis fulaingt, agus do cheannairí óga agus do bhaill foirne atá ag tuairisciú cás nó a bhfuil líomhaintí curtha ina leith
- Comhairle a chuir ar fáil maidir le dea-chleachtais i gcúrsaí um Chosaint Leanaí
- Cúrsaí agus ceardlanna oiliúna i dtaca le treoirlínte um Chosaint Leanaí a reáchtáil agus a éascú
- Taifead cheart a choinneáil go sábháilte agus faoi dhiscreíd, ar gach cás a thuairiscítear dó/dí
- A bheith ar an eolas faoi na hathruithe reatha atá ag tarlú maidir le Soláthar, Cleachtais, Seirbhísí, Tacaíochta, Dualgais agus Riachtanais Dhlithiúla agus Polasaithe
- A chinntiú go bhfuil gach duine a bhíonn ag plé le baill Ógras ag imeachtaí nó sna clubanna óige tuisceanach agus eolach faoi Pholasáí Chosaint Leanaí Ógras.
- A chinntiú go bhfuil ceannairí deonacha agus foireann na heagraíochta ar an eolas faoin Teagmhálaithe Ainmnithe agus a chinntiú go gcuirtear oiliúint chuí ar fáil dóibh

Cásanna nach dtuairiscítear chuig Tusla

I gcásanna go ndéanann an Teagmhálaithe Idirchaidreamh Ainmnithe cinneadh nár chóir faisnéis a chuir chuig Tusla ná chuig an Garda Síochána, is cóir ráiteas scríofa a thugann na cúiseanna nach bhfuil an eagraíocht chun gníomhú, a thabhairt don fhostaí nó don oibrí deonach a d'ardaigh an cheist ar dtús. (*Teimpléid den fhoirm ag Aguisín E.*)

- Ba chóir an chúis gan tuairisciú a thaifeadadh
- Ba chóir aon ghníomh a rinneadh mar thoradh ar an ábhar imní a thaifeadadh
- Ba cheart an fostaí nó an t-oibrí deonach a chur ar an eolas, má bhíonn siad buartha go fóill faoin gcás, is fúthu atá sé chun tuairisc a dhéanamh le Tusla nó leis an nGarda Síochána. Beidh feidhm ag forálacha an Acht um chosaint do Dhaoine a Thuairisceoidh Droch-úsáid Leanaí 1998 chomh fada agus go ngníomhaíonn siad 'de réir réasúin agus le dea-iontaoibh.

Má tharlaíonn sé go measann an TIA gur chúis imní í iompar nó droch-thionchar an cheannaire nó fostaí, caithfidh an cheannaire/ fostaí sin tarraingt siar ó gach gné den obair óige le hÓgras, go dtí go ndéanann Tusla/Na Gardaí cinneadh faoin chás.

Socruithe Earcaíochta

Tá eolas breise maidir le nósanna earcaíochta ar fáil i bPolasaí Earcaíochta Ógras. Cloíonn Ógras leis na treoirlínte ar dhea-chleachtas earcaíochta atá leagtha síos in Children First (2017) . Tá an próiseas leagtha amach go soiléir chun a bheith cothrom, agus chun a bheith ar leas daoine óga agus daoine fásta araon. Tá bunús na ndaoine atá ag iarraidh a bheith ag obair mar fhostaithe nó mar shaorálaithe le leanaí laistigh d'Ógras spreagtha go maith agus ina n-éagmais ní bheimis in ann feidhmiú.

Ar an drochuair déanfaidh daoine áirithe iarracht úsáid a bhaint as eagraíochtaí cosúil linne le rochtain a fháil ar leanaí & daoine óga ar chúiseanna míchuí. Mar sin de tá sé riachtanach nósanna imeachta um earcú agus roghnú a bheith againn atá éifeachtach chun cuidiú linn iad siúd nach bhfuil oiriúnach a scagadh amach agus a chosc ó bheith ionadaíoch ar ár n-eagraíocht.

- Déanfar baill foirne a roghnú, a oiliúint agus a mhaoirsiú go cúramach.
- Réamhriachtanais i gcomhair faofa le bheith ag obair le leanaí & daoine óga is ea cionta caite nó cásanna ar feitheamh a dhearbhu agus comhaontú promhadh An Gharda Síochána/Access NI a bheith curtha i gcrích .
- Ní mór do GACH ball foirne aontú cloí le cód cleachtais na heagraíochta um chosaint leanaí agus éilítear ar chách an cód cleachtais a shíniú .
- Ba chóir aon bhuairt nó agóid i leith a oiriúnaí agus atá ball foirne a chur faoi bhráid an Teagmhálaí Ainmnithe nó an Leas Teagmhálaí Ainmnithe. Tógfar na nithe seo leis an mBuanchóiste agus tabharfar faoi ghníomhaíocht chuí, lena

n-áirítear freagra foirmiúil i scríbhinn chuig an duine atá i gceist más gá. Ní phléifidh an eagraíocht seo le buartha faoi bhaill foirne go leithliseach.

- Beidh ar gach ball foirne an cúrsa ar-líne <https://www.tusla.ie/children-first/children-first-e-learning-programme/> a bheith déanta acu agus cóip den teastas a bheith seolta chuig Stiúrthóir Ógras, sula féidir leo aon teagmháil a bheith acu le baill Ógras/Óg-Ógras
- Beidh ar gach ball foirne an Clár Feasachta ar Chosaint Leanaí (4 uair a chloig curtha le chéile ag Comhairle Náisiúnta na nÓg) a dhéanamh chomh maith.

Bord Stiúrtha Ógras & Buanchóiste Ógras

Beidh gach ball de Choiste Stiúrtha Ógras atá os cionn 18 mbliana d'aois curtha faoi réamhscrúdú an Gharda Síochána nó Access NI.

Beidh ar gach ball de Bhord Stiúrtha an cúrsa ar-líne <https://www.tusla.ie/children-first/children-first-e-learning-programme/> a dhéanamh taobh istigh de dhá mhí dóibh a bheith tofa ar an Bhord muna bhfuil sé déanta acu cheana féin.

Beidh ar bhaill an Bhord Stiúrtha freastal ar Chlár Feasachta Cosaint Leanaí ar a laghad gach dara bliain.

Beidh Cosaint Leanaí ar chlár gach cruinniú de Bhord Stiúrtha Ógras.

Is é an Buanchóiste a phléifidh aon cheist maidir le Cosaint Leanaí.

Is cóir a rá le gach iarrthóir, agus é a mheabhrú dóibh ag gach céim sa phróiseas earcaíochta, go láimhseálfaí a n-iarratas agus na gnéithe den phróiseas earcaíochta a leanann é faoi dhiscreid iomlán. Ní cóir go bhfeicfeadh aon duine ach amháin iad siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an bpróiseas earcaíochta an t-eolas a chuireann iarrthóirí ar fáil nó a chuirtear ar fáil ar a son.

Féach sampla d'Fhoirm Iarratais d'Oibrithe Deonacha (Aguisín F)

Beidh na nithe seo a leanas á thógaint san áireamh agus na foirmeacha, ábhar nó cúrsaí atá mar chuid den chóras seo a sholáthar:

- Soiléiriú a dhéanamh roimh ré ar ról fostaí nó oibrí deonach
- Foirm iarratais a chur ar fáil dóibh siúd gur mhian leo na rólanna éagsúla cinnireachta a dhéanamh laistigh de d'eagraíocht
- Agallaimh a reáchtáil leis an eolas sna foirmeacha iarratais a scagadh

- Ráiteas sínithe a aimsiú ó chuile iarrthóir ag léiriú go bhfuil siad oiriúnach chun dul ag obair le daoine óga
- Teistiméireacht a sholáthar ó bheirt atá inghlactha ó d'eagraíocht féin (*Aguisín G*)
- Próiseas ionduchtú nó insealbhú a chur ar fáil dóibh siúd a ghactar leo
- Bunoiliúint cheannaireachta a eagrú do cheannairí nua
- Beidh ar gach ceannaire an cúrsa ar-líne <https://www.tusla.ie/children-first/children-first-e-learning-programme/> a dhéanamh sula dtosnaíonn siad ag obair le club Ógras nó Óg-Ógras.
- Moltar freisin do cheannairí an deis a thógáil an Chlár Feasachta Cosaint Leanaí a dhéanamh ar a laghad gach dara bliain.
- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh i gcomhpháirt leis na ceannairí nua, oiliúint bhreise a sholáthar mar thacaíocht leanúnach.

Glacadh le ceannairí nua, tar éis dóibh na coinníollacha éagsúla a chomhlíonadh, ach iad bheith in oiriúint don ról gur mhian leo féin a chomhlíonadh.

Clár Ionduchtuithe d'Oibrithe Deonacha

Tá clár oiliúna ag Ógras a dhíríonn isteach ar na bunriachtanais oiliúna atá riachtanach chun cabhrú leis an oibrí deonach taithí a fháil trí phróiseas foghlama agus trí thascanna áirithe a dhéanamh faoi stiúir cheannaire oillte. Is é an chéad chúrsa a bhíonn i gceist ná an Oiliúint Ionduchtaithe nó Insealbhaithe a chuirtear ar fáil do cheannairí deonacha nua.

Mar atá le haon phost nua, is minic gurb é an t-am a chaitear le hoibrí deonach nua le linn na tréimhse ionduchtaithe an t-am is tábhachtaí a chaitear leis /leí. Tá sé riachtanach go bhfaigheann an duine atá faoi oiliúint dóthain eolais ag an tús le gur féidir leis / léi tuiscint cheart a fháil ar an eagraíocht a bhfuil spéis aige / aici oibriú leí, agus i gcás eagraíochtaí óige, go bhfaigheann siad tuiscint cheart ar obair óige agus ar na freagrachtaí a théann leí.

Ní cóir ligean d'aon oibrí deonach nua feidhmiú i ról ceannaireachta sula ndéanann sé / sí Bun-Chúrsa Ceannaireachta / Clár Ionduchtaithe.

An Cuspóir a bhíonn ag Clár Oiliúna Ionduchtaithe

- Tar éis bun-chúrsa ceannaireachta a dhéanamh beidh dóthain eolais ag an rannpháirtí cinneadh a dhéanamh an dteastaíonn nó nach dteastaíonn uaidh/uaithe a bheith ina c(h)eannaire óige.

- Beidh siad eolach freisin ar na haidhmeanna sonracha atá ag Obair Óige agus faoin ról atá i gceist a bheith acu féin mar cheannaire.
- Beidh tuiscint acu freisin ar struchtúir agus ar ghníomhaíochtaí ghrúpaí óige agus déileálfar le haon cheisteanna atá acu le linn na tréimhse ionductaithe seo.

Beidh na nithe seo a leanas san áireamh i gclár oiliúna ionductaithe:

- Míniú ar na haidhmeanna agus na próisis atá i gceist le hObair Óige
- Léargas ar na bealaí ina bhfeidhmíonn grúpaí óige
- Struchtúir, cláir, gníomhaíochtaí agus ballraíocht ghrúpaí óige
- Ról an cheannaire i gclub óige
- Cur síos agus míniú ar Pholasaí um Chosaint Leanaí na hEagraíochta
- Cur síos ar pholasaithe eile na heagraíochta
- An córas smachta
- Eolas faoin Eagraíocht agus faoi Eagraíochtaí Óige eile

Cód Iompair do Cheannairí agus d'Fhostaithe

1. Nuair is gá labhairt le duine óg go príobháideach, cinntigh go bhfuil do chomhghleacaí nó duine eile leat i gcónaí agus cinntigh go bhfuil doras an tseomra fágtha ar oscailt. Níor chóir a bheith i seomra leat féin le duine óg ag am ar bith. Moltar go mbeidh oibrithe cúramach faoin mbaol dá sábháilteacht phearsanta agus ó líomhaintí a d'fhéadfadh tarlú muna gcloítear leis an treoir seo

2. Níl sé ceart nó cóir go dtabharfaidh oibrithe síob ina gcarranna do dhaoine óga ina n-aonar riamh.

3. Ní mór d'oibrithe a bheith aireach faoi bheith ró-ghafa le duine óg ar leith, nó an-chuid ama a chaitheamh leis/leí. Ní mór d'oibrithe a bheith soiléir faoi aidhm agus nádúr an chaidrimh atá acu leis an duine óg e.g. an bhfuil an caidreamh forásach don duine óg, trí neamhspleáchas agus teanntás a fhorbairt ann / inti, nó an bhfuil sé á úsáid ar mhaithe le mianta nó le riachtanais éigin de chuid an oibrí.

4. Má bhíonn buairt ar oibrí faoi chaidreamh den chineál seo le duine óg faoi leith, ba cheart dó/di é a phlé leis an Stiúrthóir nó le Oifigeach Forbartha a bhfuil taithí aige/aici. Moltar d'oibrithe (go háirithe nuair atá siad i mbun club/imeachtaí óige ina bhfuil lear mór daoine óga páirteach) a dheimhniú go bhfuil dóthain cúnamh ar fáil lena chinntiú:

- a. Go n-eagraítear na himeachtaí ar bhealach a chinntíonn an t-uasmhéid spraoi, foghlama, sábhailteachta agus rannpháirtíochta.

- b. Gur féidir teacht roimh iompar achrannach i measc na mball agus / nó é a choinneáil faoi smacht.

5. Is cóir d'oibrithe a chinntiú freisin, chomh fada agus is féidir, go bhfuil na foirgnimh nó na háiseanna a úsáideann siad d'imeachtaí óige daingean agus sábháilte. Is cóir monatóireacht a dhéanamh ar gach cuid den fhoirgnimh atá in úsáid agus an chuid nach bhfuil in úsáid a bheith gearrtha amach agus faoi ghlas.

6. Le hoibrithe a bhfuil taithí acu níor chóir don choibhneas ball / oibrí a bheith níos airde ná deich mball in aghaidh gach oibrí, ar a mhéid. Le hoibrithe nua is cóir an coibhneas a bheith níos ísle, i.e. gan é a bheith níos airde ná cúigear ball in aghaidh gach oibrí. Le cúinsí áitiúla agus sábháilteachta áirithe agus de bharr an chineál gníomhaíochta atá idir lámha is minic go mbíonn sé riachtanach an coibhneas ball/ oibrí seo a bheith níos ísle.

7. Níor chóir d'oibrithe lámh a leagan ar dhuine óg riamh nuair nach mbíonn gá leis. Níor chóir d'oibrithe labhairt go mí mheasúil riamh le dhuine óg.

8. Nuair is gá déileáil le duine / daoine atá achrannach, moltar, go mbeidh níos mó ná oibrí amháin i láthair.

9. Moltar tuairisc a choinneáil i leabhar faoi leith ar eachtraí d'iompar achrannach ina mbíonn ar an oibrí óige idirghabháil a dhéanamh agus a chuireann sábháilteacht agus slándáil daoine eile i mbaoil. Is cóir an leabhar seo a bheith ar fáil d'oibrithe eile a bhfuil baint acu leis an ngrúpa.

Is cóir go ndéanfadh an tuairisc seo cur síos ar:

- a) An rud a tharla
- b) Cé a bhí páirteach ann
- c) Cén áit agus cén uair ar tharla sé
- d) Cad a dúradh – má tá sé tábhachtach
- e) Aon ghortuithe agus / nó aon damáiste a déanadh do mhaoin
- f) Conas ar cuireadh deireadh leis an eachtra.

Nuair is grúpa measctha ó thaobh inscne di atá i gceist, tá sé tábhachtach go mbeidh dóthain ceannairí den dá inscne ar fáil chun gur féidir na gníomhaíochtaí ar fad agus gach cuid de cibé foirgnimh atá in úsáid a bhainistiú i gceart.

Tógáil páistí / daoine óga ar thuras lae nó thar oíche

1. Nuair atá siad ag tabhairt daoine óga ar thurais is cóir d'oibrithe, chomh fada agus is féidir, a bheith airdeallach i gcónaí faoi na nithe seo a leanas:

- i) Sábháilteacht – imeachtaí, foirgintí, taisteal & srl.
- ii) Árachas – déan cinnte go bhfuil sé sách cuimsitheach chun gach gné den turas a chur san áireamh
- iii) Cead na dtuismitheoirí – is cóir do cheannairí cead na dtuismitheoirí a fháil i scríbhinn sula dtugann siad daoine óga faoi bhun 18 déag ar thurais (*Foirm ceadú tuismitheoirí ag Aguisín H*)
- iv) Déan cinnte go bhfuil siad ar an eolas faoi aon cheisteanna leighis a d'fhéadfadh a bheith ábharthach i.e ailléirge &rl.
- iv) Socruithe codlata – is cóir na háiteanna codlata do bhuachaillí agus do chailíní a bheith scartha óna chéile agus iad a bheith faoi mhaoirseacht ag beirt (más féidir é) cheannairí den inscne chéanna agus an grúpa atá faoina gcúram.
- v) Ag cloí le caighdeáin agus dea-chleachtais in obair óige. Léiríonn taithí in obair óige gur le linn turais as baile a tharlaíonn go leor de na cásanna ina ndéantar líomhaintí maidir le drochíde leanaí. Dá bhrí sin is gá a bheith níos cúramaí fós ar thurais agus caithfidh ceannairí a bheith níos airdiallaí ná mar a bhíonn siad de ghnáth nuair atá siad ag freastal ar imeacht thar oíche.

Is cóir d'oibrithe ómós a léiriú i gcónaí do phríobháideachas daoine óga agus iad i suanliosanna, i seomraí feistis, i seomraí ceatha agus i leithris. Is cóir d'oibrithe a bheith ar an airdeall faoin mbaol a bhaineann le bheith páirteach i gcineálacha éagsúla spóirt le daoine óga agus a bheith an-chúramach, go háirithe nuair atá siad in áiteanna ar nós linn snámha, seomraí ceatha &rl.

Is cóir d'oibrithe óige a bheith airdeallach ina gcuid cainte, agus a thuiscint gur féidir le scéalta grinn a bhfuil baint acu le gnéas déistin a chur ar dhaoine eile agus nár chóir a leithéid a insint riamh.

Is cóir do cheannairí óige úsáid a bhaint as na deiseanna a bhíonn ar fáil chun tuilleadh oiliúna a fháil in 'Obair Óige.'

Is gá do gach club Polasaí Frith-Bhulaíocht Ógras a leanacht agus is gá go mbeidh eolas agus tuiscint ag gach duine a bhfuil baint acu leis an ngrúpa ar an bpolasaí sin.

(i) Cód Mórálachta agus Dea-Chleachtas in Obair Óige

Is é polasaí Ógras glacadh le Cód Morálachta agus Dea- Chleachtas chun treoir a thabhairt do cheannairí agus a n-aird a tharraingt ar na míreanna seo a leanas:

- Go bhfuil cosaint ó dhochar le fáil ag na páistí faoinár gcúram
- Go n-aithnítear go bhfuil cearta ag páistí agus ag daoine fásta araon mar dhaoine aonair agus ní mór dóibh meas a bheith acu ar a chéile
- Go mbunaítear teagmháil le tuismitheoirí
- Comhairle a fháil ón FSS maidir le hamhras faoi dhrochíde
- Go bhfuil córas earcaíochta agus oiliúna i bhfeidhm chun a chinntiú, gur ceannairí d'ard chaighdeán a fheidhmíonn ar son na heagraíochta
- Go bhfuil modh smachta i bhfeidhm, d'fhostaithe, do cheannairí agus do bhaill na heagraíochta
- Go bhfuil dóthain maoirseoireachta agus teorainneacha sna himeachtaí a bhíonn ar siúl
- Go bhfuil imeachtaí eagraithe sa chaoi is go mbaintear uasmhéid spraoi, foghlama, sábháilteachta agus páirtíochta as gach imeacht
- Go bhfuil na háiseanna agus an foirgneamh atá in úsáid ag an gclub óige sábháilte do na daoine óga atá ar an láthair
- Go bhfuil gach imeacht agus teacht le chéile clúdaithe faoi **Scéim Dliteanais Phoiblí Árachais Ógras**
- Go mbíonn cead faighte i scríbhinn, ó tuismitheoirí chun baill a thógáil as baile.

(ii) Líomhaintí agus Drochíde

- Déan deimhin de go ndéantar taifead d'aon líomhain a dhéanann páiste
- Éist go cúramach lena bhfuil le rá ag daoine óga faoi do chúram
- Déan taifead cruinn den méid a thuairiscítear
- Glac síos dáta agus am gach líomhain
- Sínigh an cháipéis/ an fhoirm tar éis duit an méid atá á thaifead a léamh ar ais don duine/leanbh a rinne a líomhain
- Ná scríobh ar an bhfoirm tuairiscithe, tar éis é bheith sínithe agat féin. Is féidir tuairisc bhreis a líonadh amach ag am eile más gá.
- Bí cinnte go mbíonn an fhoirm i dtaisce in Ard-Oifig Ógras

(iii) Iompar nach bhfuil inghlactha in Ógras / Óg-Ógras

Is í an aidhm atá le treoirínte eagraíochta ná oibrithe deonacha agus baill foirne a spreagadh le caighdeán na hoibre óige a ardú agus a bheith ag obair go díograsach, ach a aithint ag an am céanna gur féidir le hiompar nach bhfuil inghlactha tarlú.

Tabharfaidh oibrithe deonacha agus baill foirne aird ar an teorainn idir chaidreamh oibre agus cairdeas le rannpháirtithe mar is minic gur féidir iompar nach bhfuil inghlactha tosnú de thoradh sárú na dteorainneacha sin.

Níl an cineál iompar seo a leanas inghlactha i measc leanaí, daoine óga, oibrithe deonacha agus baill foirne:

- Tarcaisne
- Ag déanamh beag do dhaoine eile
- Ag cur náire ar dhaoine eile
- Fábhar do dhaoine áirithe seachas a chéile
- Gan ligean do dhaoine áirithe a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí
- Ag glaoch ainmneacha ar dhaoine
- Caint nó geáitsí maslacha
- Sciolladóireacht
- Pleidhcíocht gharbh nó teagmháil mí cheart
- Tagairtí do ghnéas (ar a n-áirítear caint, scéalta grinn agus geáitsí)
- Bullaíocht – bíodh sé fisiciúil nó trí caint (Féach Polasaí Frith-Bhulaíocht Ógras 2019)
- Moltar do cheannairí Ógras a bheith aireach maidir le cursaí grinn – go háirithe má bhíonn an magadh sin dírithe ar chúrsaí gnéis, níl sé do chead a leithéid a úsáid ós comhair na mball.

Níl an cineál iompair a luaitear thuas inghlactha, cé go mb'fhéidir nach gá na hÚdaráis Reachtúla a thabhairt isteach sa scéal i ngach cás, agus gur féidir déileáil le roinnt cásanna de réir Pholasaí Um Chosaint Leanaí na heagraíochta.

Réamhscrúdú an Gharda Síochána

Cúlra

Is próiseas é Réamhscrúdú an Gharda Síochána ina cuirtear ceist ar mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin, le cead an duine, go nochtfar aon eolas faoi dhuine atá i gcód an Gharda Síochána.

Laistigh de pholasaí nochtaithe faisnéise reatha, scaoileann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin le stair choiriúil agus le faisnéis shonraithe eile faoin duine a bhfuil grinnfhiosrúchán le déanamh air/uirthi leis an eagraíocht ionchasach earcaíochta.

Tá oibleagáidí reachtúla leagtha síos sna hAchtanna um an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016, d'eagraíochtaí a fhostaíonn daoine a oibríonn le leanaí agus/nó daoine fásta leochaileacha. Faoi na hachtanna seo tá sé éigeantach go dtugtar nochtadh grinnfhiosrúcháin d'fhostóirí maidir le duine ar bith atá ag tabhairt faoi obair ábhartha le leanaí agus/nó daoine fásta leochaileacha. Cruthaítear cionta agus pionóis san Acht do dhaoine a dteipeann orthu forálacha an Achta a chomhlíonadh. Cintíonn Ógras go gcomhlíonann muid gach ceanglas de chuid na reachtaíochta seo go hiomlán.

Féach Polasaí Grinn fhiosrúcháin Ógras 2021 le haghaidh tuilleadh eolais faoin ábhar seo.

Is gné amháin é Grinnfhiosrúchán, den phróiséas earcaíochta níos leithne le cinntiú go bhfuil duine oiriúnach a earcú le hobair le páistí nó daoine fásta leochaileacha agus is cóir é seo a chomhlíonadh in éineacht leis na gnéithe seo a leanas:

- Polasaí um Chosaint Leanaí
- Foirm Iarratais
- Agallamh leis an duine
- Teistiméireachtaí scrúdaithe agus a thaifead
- Bunchúrsa ceannaireachta a dhéanamh – *Ag Tosnú Amach*
- Cúrsa Cosaint Leanaí - Clár Feasachta Cosaint Páistí (4 uair a chloig) nó an cúrsa ar-líne le Tusla <https://www.tusla.ie/children-first/children-first-e-learning-programme/> a dhéanamh.
- Tacaíocht leanúnach, maoirseacht agus measúnacht

Céard faoi cheannairí óga faoi 18 mbliana d'aois?

Tá sé indéanta teacht ar réamhscrúdú an Gharda do dhaoine óga idir 16-18, ach caithfear foirm cheadaithe tuismitheora sínithe a bheith ina theannta, atá ar fáil ón GCVU (Aonad Lárnach Réamhscrúduithe an Gharda)

Áfach, tá sé riachtanach go mbeadh tacaíocht ó dhuine/dhaoine fásta, ar fáil do cheannairí óga faoi 18 bliain d'aois agus nach mbeadh siad riamh fágtha i seomra leo féin agus freagrachtaí maoirseachta orthu.

Foclóirín

Comhionannas	<i>Equality</i>	Líomhain	<i>allegation</i>
Cumasaigh	<i>empower</i>	Aiseolas	<i>feedback</i>
Earcaíocht	<i>recruitment</i>	Áisíneacht	<i>agency</i>
Idirdhealú	<i>discrimination</i>	Fabhar	<i>favouritism</i>
Dúshaothrú	<i>exploitation</i>	Gnéischiapadh	<i>sexual harassment</i>
Foladh	<i>substance</i>	Rafar	<i>thriving</i>
Rochtain	<i>access</i>	Toirthead	<i>pregnancy</i>
Faillí	<i>neglect</i>	Giúmar	<i>mood</i>
Drochíde ghoilliúnach	<i>emotional abuse</i>	Corraíleach	<i>disturbed</i>
Marach	<i>impairment</i>	Taom anbhád	<i>panic attack</i>
Neamart	<i>neglect</i>	Géilliúil	<i>compliant</i>
Sciolladh	<i>blaming</i>	Umhal	<i>submissive</i>
Croitheadh	<i>shaking</i>	Aicíd	<i>disorder</i>
Go seachach	<i>by proxy</i>	Craos	<i>overeating</i>
Gríosaigh	<i>rouse</i>	Caidéis a dhéanamh	<i>to be open to</i>
Baill ghiniúna	<i>sexual organs</i>	Coscraich	<i>traumatic</i>
Spochadh	<i>teasing</i>	Sceith	<i>divulge</i>
Saighdeadh	<i>taunting</i>	Faichilleach	<i>sensitive</i>
Sracaireacht	<i>extortion</i>	Deoin	<i>will, consent</i>
Sainnigh	<i>entrap</i>	Srian a choinneáil	<i>to confine</i>
Comhcheilt	<i>conspiracy</i>	Foráil	<i>provision</i>

Dliteanas	<i>liability</i>	Inniúil	<i>competent</i>
Siocair	<i>motivation</i>	Teanntás	<i>autonomy</i>
Maígh (maíomh)	<i>intimate</i>	Idir Chamáin	<i>concerned</i>
Aisbhreathnaitheach	<i>retrospective</i>	Iontaofa	<i>trustworthy</i>
Cuimsitheach	<i>comprehensive</i>	Guaim a choinneail ort féin	<i>to keep calm</i>

Aguisín A


Má bhíonn imní faoi leanbh ar cheannairí, tuismitheoirí, baill foirne nó iad siúd a bhfuil baint acu leis an eagraíocht, ba chóir teagmháil a dhéanamh le

Maedhbh Ní Dhónaill ag +353 86 6018520 nó le

Anita Nic Amhlaoidh ag + 353 85 7028787 na Daoine Ainmnithe in Ógras

nó teagmháil a dhéanamh le Tusla

<https://www.tusla.ie/children-first/contact-a-social-worker3/>



Má cheapann tú go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir leat teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí ag stáisiún ar bith de chuid an Gharda Síochána (*Children First: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí*)

Sonraí teagmhála ag an nasc thíos

<https://www.garda.ie/en/contact-us/station-directory/>

Ba chóir teagmháil a dhéanamh láithreach leis

An Garda Síochána

***Má tá buairt faoi pháiste taobh amuigh de na
gnáth uaireanta oibre***

Aguisín B

I dTuaisceart Éireann ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le *The Gateway Team* / Iontaobhais Cúram Sláinte agus Sóisialta (HSCT). Tá seirbhís éigeandála 24 uair an chloig á feidhmiú acu freisin.

<https://www.nidirect.gov.uk/publications/gateway-service-teams-contact-details>

Belfast HSC Trust			
Telephone (for referral)	028 90507000		
Areas	Greater Belfast area		
Further Contact Details (for ongoing professional liaison)	Greater Belfast Gateway Team 110 Saintfield Road Belfast BT8 6HD		
			
Website	http://www.belfasttrust.hscni.net/		
Out of Hours Emergency Service (after 5pm each evening at weekends, and public/bank holidays)	028 95049999		
South Eastern HSC Trust			
Telephone (for referral)	03001000300		
Areas	Lisburn, Dunmurry, Moira, Hillsborough, Bangor, Newtownards, Ards Peninsula, Comber, Downpatrick, Newcastle and Ballynahinch		
Further Contact Details (for ongoing professional liaison)	Greater Lisburn Gateway Team Stewartstown Road Health Centre 212 Stewartstown Road Dunmurry Belfast, BT17 0FG Tel: 028 90602705	North Down Gateway Team Family Resource Centre James Street Newtownards, BT23 4EP Tel: 028 91818518	Down Gateway Team Children's Services 81 Market Street Downpatrick, BT30 6LZ Tel: 028 44613511
			
Website	http://www.setrust.hscni.net/		
Out of Hours Emergency Service (after 5pm each evening at weekends, and public/bank holidays)	028 95049999		
Northern HSC Trust			
Telephone (for referral)	03001234333		
Areas	Antrim, Carrickfergus, Newtownabbey, Larne, Ballymena, Cookstown, Magherafelt, Ballycastle, Ballymoney, Portrush and Coleraine		
Further Contact Details (for ongoing professional liaison)	Central Gateway Team Unit 5A, Toome Business Park Hillhead Road Toomebridge, BT41 3SF Tel: 028 79651020	South Eastern Gateway Team The Beeches 76 Avondale Drive Ballyclare, BT39 9DB Tel: 028 94424377	Northern Gateway Team Coleraine Child Care Team 7A Castlerock Road Coleraine, BT51 3HP Tel: 028 7032 5462
			
Website	http://www.northerntrust.hscni.net/		
Out of Hours Emergency Service (after 5pm each evening at weekends, and public/bank holidays)	028 94468833		
Southern HSC Trust			
Telephone (for referral)	08007837745 (Free phone number from landlines only)/02837415285(Central number)		
Areas	Craigavon, Banbridge, Dromore, Lurgan, Portadown, Gilford, Armagh, Coalisland, Dungannon, Fivemiletown, Markethill, Moy, Tandragee, Ballygawley, Newry City, Bessbrook, Annalong, Rathfriland, Warrenpoint, Crossmaglen, Killeel, Newtownhamilton		
Further Contact Details (for ongoing professional liaison)	Craigavon/Banbridge Gateway Team Brownlow H&SS Centre 1 Legahory Centre Craigavon, BT65 5BE Tel: 028 3834 3011	Newry/Mourne Gateway Team Dromalane House Dromalane Road Newry, BT35 8AP Tel: 028 3082 5000, Option 1	Armagh/Dungannon Gateway Team E Floor South Tyrone Hospital Carland Road Dungannon, BT71 4AU Tel: 028 8771 3506
			
Website	http://www.southerntrust.hscni.net/		
Out of Hours Emergency Service (after 5pm each evening at weekends, and public/bank holidays)	028 95049999		
Further Contact Details (for ongoing professional liaison)	Central Gateway Team Lisnally House Lisnally Lane Armagh, BT61 7HW Tel: 028 37415285		
Western HSC Trust			
Telephone (for referral)	028 71314090		
Areas	Derry, Limavady, Strabane, Omagh and Enniskillen		
Further Contact Details (for ongoing professional liaison)	Derry Gateway Team Whitehill, 106 Irish Street Derry, BT47 2ND Tel: 028 71314090 Fax: 028 71314091	Omagh Gateway Team Tyrone and Fermanagh Hospital 1 Donaghane Road Omagh, BT79 0NS Tel: 028 82835156 Fax: n/a	Enniskillen Gateway Team 2 Coleshill Road Enniskillen BT747HG Tel: 028 66344103 Fax: n/a
			
Website	http://www.westerntrust.hscni.net/		
Out of Hours Emergency Service (after 5pm each evening at weekends, and public/bank holidays)	028 95049999		

Aguisín C

Foirm Thuairisce Ar Chosaint agus Leas Leanaí / *Child Protection and Welfare Report Form*

Is féidir leagán *Word* nó *PDF* i nGaeilge nó i mBéarla a ioslódáil ón suíomh ag an nasc thíos.

<https://www.tusla.ie/children-first/publications-and-forms/>


The screenshot shows a web browser window displaying the 'Children First Report Forms' page. The page has a blue header with the 'Children First' logo and the title 'Report Forms'. Below the header, there is a section titled 'Report a Concern about a Child'. This section contains a paragraph explaining that the Child Protection and Welfare Report Form (CPWRF) is to be completed and submitted to Tusla for concerns about children under the age of 18. It also notes that the forms can be completed online using the Tusla Portal, but paper forms are available for download. Below this text, there are two main sections for downloading forms. The first section is titled 'Child Protection and Welfare Report Form (CPWRF)' and offers a choice between a Word or PDF version, with a PDF icon and a 'PDF' button. The second section is titled 'CPWRF Guidance Notes' and has a blue link. Below this, there is another section for 'Foirm Thuairisce ar Chosaint agus Leas Leanaí' (Child Protection and Welfare Report Form) in Irish, also offering a PDF version with a PDF icon and a 'PDF' button. At the bottom of the page, there is a section titled 'Adult Reporting a Retrospective Allegation'. The browser's address bar shows the URL 'tusla.ie/children-first/publications-and-forms/'. The Windows taskbar at the bottom shows the date as 14/07/2021 and the time as 10:51.

Aguisín D

Ag tuairisciú amhrais nó líomhaintí faoi dhrochíde nó mí-úsáid Leanaí TÉ

I dTuaisceart Éireann ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Gateway Team san Iontaobhais Cúram Sláinte agus Sóisialta (HSCT) ina bhfuil an páiste ina c(h)ónaí agus tabharfaidh siad comhairle duit agus baileoidh siad sonraí uait maidir leis an phaistí atá i mbaoil.


<https://www.nidirect.gov.uk/articles/reporting-child-abuse-and-neglect>



The screenshot shows a web browser window with the URL [nidirect.gov.uk/articles/reporting-child-abuse-and-neglect](https://www.nidirect.gov.uk/articles/reporting-child-abuse-and-neglect). The page is titled 'Who to contact' and provides information on how to report child abuse and neglect in Northern Ireland. It lists the Gateway Services teams for Children's Social Work at the Health and Social Care (HSC) Trust in the area that the child lives, and the National Society for the Prevention of Cruelty to Children's (NSPCC) free and confidential 24-hour helpline service. A sidebar on the right lists topics: 'Recognising adult abuse, exploitation and neglect', 'Regulated activity with vulnerable groups', 'Reporting child abuse and neglect', and 'Who to contact if you suspect abuse, exploitation or neglect'. The bottom of the browser window shows a Windows taskbar with various icons and a system clock indicating 11:04 on 14/07/2021.

Freisin is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an NSPCC

<https://www.nspcc.org.uk/keeping-children-safe/our-services/nspcc-helpline/>
nó scairt a chur orthu ag ceann de na huimhreacha thíos.



The screenshot shows the NSPCC helpline website. The header includes navigation links: 'What is child abuse?', 'Keeping children safe', 'Support us', 'About us', 'Coronavirus advice', 'Childhood Day', 'Helpline', and a search bar. The main content area features two sections. The left section, titled 'Contact the NSPCC helpline', includes a photo of a woman wearing a headset and provides the contact number 0800 800 5000 and the email help@nspcc.org.uk. The right section, titled '18 or under?', includes a photo of a young girl and provides the contact number 0800 1111 and a 'Contact Childline' button. The bottom of the browser window shows a Windows taskbar with various icons and a system clock indicating 08:38 on 15/07/2021.

Aguisín E

Cásanna nach dtuairiscítear chuig Tusla

Tuairisc ar na Fáthanna gur tógadh an cinneadh

Cosaint Leanaí – Ráiteas ón Teagmhálaí Ainmnithe le pearsanra Club Ógras maidir leis na fáthanna nach ndearadh tuarascáil do Tusla

A _____ (*ainm iomlán an duine*, a chara,

Maidir leis an ábhar imní ar tharraing tú m'aird air an _____ (*ll/mm/bliain*), tabhair faoi deara gur chinn mé gan an ní a thuairisciú do Tusla ar an gcúis seo a leanas:

<i>Cuir tic sa bhosca cuí</i>	
	D'iarr mé comhairle ó Tusla agus chuir sé in iúl dom nach gá an ní a thuairisciú dó
NÓ	
	Cúiseanna eile

I gcás gur chuir an Teagmhálaí Ainmnithe tic leis an mbosca 'Cúiseanna eile', ní mór na cúiseanna sin a leagan amach thíos:

Má tá ábhar imní agat (faoin ní go fóill, is féidir leat dul i gcomhairle le Tusla agus/nó an t-ábhar imní a thuairisciú do Tusla. Má chinneann tú an ní a thuairisciú do Tusla, ní mór duit cóip den tuairisc sin a thabhairt dom mar Theagmhálaí Ainmnithe.

Sínithe ag an Teagmhálaí Ainmnithe		Dáta	
------------------------------------	--	------	--

Admhaím go bhfuarthas an ráiteas seo ón Teagmhálaí Ainmnithe:

Sínithe ag pearsanra an Chlub		Dáta	
-------------------------------	--	------	--

Tabhair faoi deara – Ní mór don Teagmhálaí Ainmnithe cóip den ráiteas seo a choinneáil ar an gcomhad iomchuí cosanta leanaí.

Aguisín F

ÓGRAS - FOIRM IARRTAIS D'OIBRITHE DEONACHA

Ainm: _____

Seoladh: _____

Uimhir Fhóin (lá) (tráthnóna): _____

Dáta Breithe: ____/____/____

Áit a rugadh tú: _____

Slí Beatha: _____

Cén fáth gur mian leat a bheith i do Cheannaire Óige?:

Tabhair sonraí faoin oiliúint i gcúrsaí óige nó aon taithí nó baint a bhí agat le himeachtaí / clubanna óige roimhe seo.

An bhfuil tú ag fulaingt le haon daonacht / míchumas / aicíd a d'fhéadfadh cur isteach ag amanna ar do chumas oibriú le daoine óga? Má tá, tabhair sonraí.

Na hamanna go mbeidh tú ar fáil (cur tic ar na hamanna go mbeidh tú ar fáil)

Am	Luan	Máirt	Céad	Déard	Aoine	Sath	Domh
Maidin							
Iarnóin							
Tráthnóna							

Tabhair ainm, seoladh, uimhreacha fóin agus teideal de bheirt (nach bhfuil aon ghaol agat leo) a bhfuil aithne mhaith acu ort agus a bheidh ábalta teistiméireacht a chur ar fáil dúinn:

(1) **Ainm:** _____

Seoladh: _____

Uimh Fhóin: _____ **Teideal:** _____

(2) Ainm: _____

Seoladh: _____

Uimh Fhóin: _____ Teideal: _____

Deimhním nach bhfuil aon rud i mo chúlra pearsanta ná gairmiúil a fhágann nach duine oiriúnach mé le bheith ag obair le daoine óga.

Deimhním go bhfuil an t-eolas atá tugtha thuas fíor agus go bhfuil mé sásta cloí leis na téarmaí agus na coinníollacha ballraíochta/ rannpháirtíochta.

Sínithe: _____

Dáta: _____

D'Ógras / Oifig Amháin

Deimhnithe: Fón Cuairt Litir

Deimhnithe ag: _____

Dáta: _____

Aguisín G

ÓGRAS - TEIMPLÉID TEISTIMÉIREACHTA D'OIBRITHE DEONACHA

Tá _____, tar éis spéis a léiriú in obair dheonach a dhéanamh agus tá sé/sí i dteagmháil leanúnach le daoine óga. Mar eagraíocht atá ag obair ar mhaithe le leas daoine óga, is mian linn a fháil amach an bhfuil aon bhuairt ort faoin iarrthóir seo a bheith i dteagmháil le daoine óga.

☐ Tá
☐ Níl

Má d'fhreagair tú "Tá" déanfaidh muid teagmháil leat faoi dhiscreíd.

Má tá tú sásta an teistiméireacht seo a chomhlíonadh coinneofar an t-eolas atá ar an bhfoirm seo faoi dhiscreíd iomlán. Ní thabharfar é ach do stiúrthóir an iarrthóra má thuairiscítear post di/do mar oibrí deonach. Ba mhaith linn go mbeadh tú oscailte agus fírinneach sa bhreithiúnas a thugann tú ar an duine seo agus is mian linn ár mbuíochas a ghabháil as ucht an fhoirm seo a chomhlánú.

Cé chomh fada is atá aithne agat ar an duine seo: _____

Conas/Cén áit ar chuir tú aithne air/uirthi: _____

Cad iad na buanna atá ag an duine seo a fhágann go bhfuil sé/sí oiriúnach le bheith mar oibrí deonach in eagraíocht óige:

Tabhair do mheas ar an duine seo, faoi na rudaí seo a leanas, de réir an scála thíos (Cuir tic ar cheann amháin)

	Lag	Measartha	Go Maith	An-Mhaith	Ar Fheabhas
Freagracht					
Aibíocht					
Iontaofacht					
Inmhuiníne					

Sínithe: _____

Dáta: _____

Aguisín H

ÓGRAS – FOIRM CHEADAITHE Ó THUISMITHEOIRÍ

(Parental Consent Form)

Tá cead ag (ainm) (Child's name)

.....

Ó Chlub Ógras/Óg-Ógras (Club Name)

.....

Dul ar thuras le hÓgras/Óg-Ógras

Beidh siad ag fágáil baile ag (am) ar an (lá)

An dáta agus ag filleadh ar ais ag (am)

They will be leaving home at (time) on the (day)

Date and returning at time

I gcás timpiste/ tinnis tá cead ag ball d'fhoireann Ógras/Óg-Ógras mo mhac/iníon a thogáil chuig dochtúir nó ospideál.

In the event of an accident/illness a member of Ogras staff can bring my son/ daughter to the doctor or hospital

Síniú:

(Tuismitheoir /Caomhnóir)

Dáta:

Líon isteach an fhoirm seo agus tabhair ar ais do do cheannaire áitiúil í.

Please fill in this form and return it to your local leader